Ba í tosaíocht uileghabhálach na Roinne Sláinte in 2020 ná freagairt sláinte poiblí ar an mbagairt ba mhó do shláinte phoiblí le glúin anuas a stiúradh, .i. COVID-19. Cuireadh tús leis an bhfreagra sláinte poiblí an 27 Eanáir 2020 le bunú Fhoireann Náisiúnta um Éigeandáil Sláinte Poiblí (NPHE) le haghaidh COVID-19. Bhí ceannaireacht ar fhreagairt sláinte poiblí ar COVID-19 chun tosaigh maidir le hobair agus acmhainní na Roinne i rith na bliana, agus tionchar aici ar obair gach réimse. Sa chuid seo tá léargas ar obair agus ar ghnóthachtálacha suntasacha na Roinne in 2020.

COVID-19 i bhFigiúirí

AMLÍNE

27 Eanáir 2020	NPHE ar COVID-19 bunaithe
30 Eanáir 2020	Dearbhaíonn an WHO gur éigeandáil sláinte poiblí is ábhar imní idirnáisiúnta í an ráig COVID-19
29 Feabhra 2020	An chéad chás deimhnithe in Éirinn
03 Márta 2020	Bunaíodh struchtúr maoirseachta tras-Rialtais COVID-19
11 Márta 2020	Stádas paindéimeach dearbhaithe ag WHO
11 Márta 2020	An chéad bhás in Éirinn
12 Márta 2020	An chéad dianghlasáil fógartha ag an Taoiseach
18 Márta 2020	Mol Sonraí COVID-19 na hÉireann seolta
01 Bealtaine 2020	Foilsíú <i>Treochlár Rialtais na hÉireann chun Sochaí agus Gnó a Athoscailt</i>
22 Bealtaine 2020	D'fhógair an tAire Sláinte go bhfuil Foirm Aimsithe Paisinéara tugtha isteach
23 Bealtaine 2020	Painéal Saineolaithe ar Thithe Banaltrais bunaithe
05 Meitheamh 2020	<i>Treochlár chun Srianata a mhaolú fógartha ag an Taoiseach</i>
18 Meitheamh 2020	D'fhoilsigh NPHE a chomhairle don Rialtas maidir leis an <i>gCreat Cur Chuige Sláinte Poiblí</i>
07 Iúil 2020	Seoladh Aip Rianaithe COVID-19
21 Iúil 2020	Liosta I taistil bunaithe

23 Iúil 2020	<i>Creat maidir le Freagairt Phaindéimeach COVID-19 Amach Anseo cruthaithe ag NPHET</i>
19 Lúnasa 2020	<i>Tuarascáil an Painéil Saineolaithe ar Thithe Altranais COVID-19 foilsithe</i>
03 Meán Fómhair 2020	<i>D'fhaomhaigh NPHET athbhreithnithe ar an Creat maidir le Freagairt Phaindéimeach COVID-19 Amach Anseo an 24 Iúil 2020</i>
15 Meán Fómhair 2020	<i>Teacht Aniar agus Téarnamh COVID-19 2021 - An Bóthar Amach Romhainn</i>
22 Deireadh Fómhair 2020	Éire bogtha ag an Rialtas go Leibhéal 5 den Chreat Srianta ar feadh sé seachtaine
10 Samhain 2020	Tascfhórsa Ardleibhéil (HLTF) ar Vacsaíniú COVID-19 bunaithe
15 Nollaig 2020	<i>Straitéis Vacsaínithe COVID-19 agus Plean Forfheidhmithe foilsithe</i>
24 Nollaig 2020	Éire bogtha ar ais ag an Rialtas go dtí Leibhéal Srianta 5
29 D Nollaig r 2020	An chéad vacsaín COVID-19 tugtha in Éirinn


*Ciallaíonn Cló trom obair na Roinne Sláinte

EIPIDÉIMEOLAÍOCHT COVID-19 IN 2020


Tuairiscíodh an chéad chás deimhnithe de COVID-19 in Éirinn an 29 Feabhra 2020. Suas go meán oíche an 31 Nollaig 2020 fógraíodh 93,480 cás san iomlán in Éirinn. I rith 2020 bhí trí 'ráig' den ghalar.

Mhair an chéad ráig ó Mhárta go deireadh mhí Iúil 2020 agus tharla an líon cásanna ab airde idir Iár agus deireadh mhí Aibreáin. Taifeadadh an líon ba lú cásanna i rith na bliana (ceithre chás nua) idir an 21 agus an 23 Meitheamh. Thosaigh an dara ráig go luath i mí Lúnasa, agus ar 16 Deireadh Fómhair taifeadadh an líon ab airde cásanna le linn an dara ráig (1,267).

Thosaigh an tríú ráig den ghalar i Iár mhí na Samhna agus ba é an 31 Nollaig, a thaifeadadh an líon ab airde de chásanna in aon lá amháin i rith 2020, 1,750 cás.



Tharla an chéad bás bainteach le COVID-19 an 11 Márta 2020. Tuairiscíodh gur tharla 2,302 bás bainteach le COVID- in 2020. Tharla an líon ab airde básanna i mí Aibreáin nuair a tharla 1,162 bás.



PRÍOMHFIGIÚIRÍ

- 70 cruinniú NPHET
- 11 fhoghrúpa NPHET bunaithe
- 2.3 milliún tástáil COVID-19 curtha i gcrích in 2020
- 39 ionad tástála bunaithe
- Aip Rianaithe COVID-19 bunaithe le breis agus 1 mhilliún íoslódálacha laistigh den chéad 48 uair

- 29 Mol Measúnaithe Pobail bunaithe chun géarmheasúnú clínicíúil pobalbhunaithe tráthúil a sholáthar d'othair a raibh COVID-19 deimhnithe acu
- 324 leaba ospidéil ghéarmhíochaine breise curtha ar fáil
- Méadú ar acmhainn chúraim chriticiúil iomlán go 446 leaba
- Socrú leis na 18 n-ospidéal príobháideacha chun rochtain a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar acmhainn ospidéil phríobháideacha dá mba ghá
- €134.5m de mhaoiniú don *Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh*¹ chuig tithe altranais príobháideacha chun tionchar ráigeanna COVID-19 a chosc agus a bhainistiú.
- Dréachtaíodh 51 Ionstraim Reachtúil

Freagra Sláinte Poiblí ar COVID-19 -19

FOIREANN NÁISIÚNTA ÉIGEANDÁLA SLÁINTE POIBLÍ (NPHE) DO COVID-19

Is í an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHE) an mheicníocht bhunaithe chun freagairt na hearnála sláinte ar éigeandálaí suntasacha sláinte poiblí a chomhordú. Is struchtúr seanbhunaithe é a úsáideadh le blianta fada anuas chun fóram a chruthú chun cur chuige straitéiseach i leith éigeandálaí sláinte poiblí in Éirinn a stiúradh agus chun na freagraí riachtanacha seirbhíse sláinte a spreagadh.

Bunaíodh NPHE do COVID-19 sa Roinn Sláinte an 27 Eanáir 2020, go gairid tar éis do thuairiscí ar an ngalar atá ag teacht chun cinn sa tSín a bheith sna meáin dhomhanda. Agus an Príomh-Oifigeach Míochaine ina chathaoirleach air ó bunaíodh é, rinne sé maoirsiú agus treoir, tacaíocht agus sainchomhairle a sholáthar don rialtas maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise sláinte poiblí chun freagairt do COVID-19 in Éirinn.

Téarmaí Tagartha NPHE le haghaidh COVID-19 mar a bunaíodh é an 27 Eanáir 2020:

1. Maoirseacht a dhéanamh agus treoir, treoir, tacaíocht agus sainchomhairle a sholáthar ar fud na seirbhíse sláinte agus na seirbhíse poiblí i gcoitinne, don fhreagairt náisiúnta foriomlán ar an gCoróinvíreas, lena n-áirítear socruithe rialaithe náisiúnta agus réigiúnacha agus socruithe rialaithe ráigeanna eile.
2. Na measúnuithe riosca náisiúnta agus idirnáisiúnta ba dhéanaí a mheas agus aon impleachtaí don fhreagairt náisiúnta a mheas.
3. de réir mar ba ghá.
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar anailísí agus ar mheastóireacht suíomhúil ag féachaint do na tuarascálacha faighte, don tsainchomhairle, don treoir idirnáisiúnta agus don dearbhú maidir le húsáid barrmhaith acmhainní.
5. Idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ranna eile Rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha, comhlachtaí idirnáisiúnta agus na rialtóirí ábhartha.
6. Córas cumarsáide éifeachtach a stiúradh agus a chinntiú ag na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.
7. Measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar ullmhacht na seirbhíse sláinte chun srianadh an choróinvírís a bhainistiú agus a choinneáil d'fhonn an NPHE a dhíscaoileadh ag an am cuí, mar a chinneadh an Cathaoirleach i gcomhairle leis an ngrúpa.

Bhí gá le cur chuige uile-rialtais maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19 agus bhí an Roinn Sláinte ina príomhpháirtí leasmhar sa phróiseas seo.

OBAIR NPHET

- Tháinig NPHET le chéile ar bhonn an-mhínic (dhá uair sa tseachtain le linn tréimhsí d'obair ba dhéine NPHET agus uaireanta níos minice), reáchtáladh cruinnithe mionsonraithe chun comhairle a thabhairt ar fhreagairt uile-rialtais, bunaithe ar fhianaise agus stiúrtha ag sláinte phoiblí, ar COVID-19 agus chun treoir a sholáthar maidir le gnéithe sláinte poiblí de fhreagairtí na seirbhíse sláinte.
- Chun tacú le riachtanais NPHET, bhunaigh an Roinn rúnaíocht lánaimseartha, faoi cheannas Príomhoifigigh in Oifig an Phríomhoifigigh Mhíochaine. Éascaíonn foireann na rúnaíochta cruinnithe NPHET agus tugann siad tacaíocht riaracháin don Chathaoirleach.
- D'éascaigh rúnaíocht NPHET 70 cruinniú NPHET idir an 27 Eanáir agus an 30 Nollaig 2020. Reáchtáladh go leor de na cruinnithe sin go fíorúil, ag teacht le treoir sláinte poiblí.
- Is éard a bhí i gceist leis an éascú ná maoirsiú a dhéanamh ar eagrú cruinnithe NPHET, modhnóireacht, taifeadadh miontuairiscí, moltaí/comhairle NPHET a chur in iúl don Aire Sláinte, agus don FSS de réir mar ba ghá. I gcomhréir le prionsabal na trédhearcahta, foilsíodh príomhdhoiciméid ar www.gov.ie.
- Bhí ionchur ag NPHET i bhforbairt an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta mar Fhreagra ar COVID-19 i mí an Mhárta 2020 agus chuir sé comhairle ar an Rialtas maidir le cur chuige srathach a ghlacadh i leith tabhairt isteach bearta sriantacha sláinte poiblí le linn Mhárta, Aibreán agus Bealtaine 2020.
- Chomh maith leis sin, d'fhorbair NPHET Cur Chuige Creatlach um Shláinte Phoiblí chun comhairle a thabhairt don Rialtas i ndáil le bearta scartha shóisialta a laghdú, a bhí mar bhonn eolais do *Treochlár Rialtas na hÉireann chun Sochaí agus Gnó a Athoscailt* a foilsíodh ar 01 Bealtaine. Thug NPHET comhairle don Rialtas maidir le próiseas cúramach chun bearta sriantacha a mhaolú chun tras-seoladh a chosc chomh héifeachtach agus ab fhéidir.
- Ar 18 Meitheamh, d'fhoilsigh NPHET a chomhairle don Rialtas maidir leis an *gCur Chuige Creatlach um Shláinte Phoiblí* chun bearta sriantacha a laghdú go dhá chéim dheireanacha.
- An 23 Iúil, d'fhoilsigh NPHET *Creat le haghaidh Freagairt ar Paindéim COVID-19 sa Todhchaí* a léirigh an gá atá le straitéis níos fadtéarmaí a fhorbairt chun freagairt an Stáit ar an bpaindéim a bhainistiú.
- An 03 Meán Fómhair, d'fhaomhaigh NPHET roinnt leasuithe ar an *gCreat um Fhreagairt ar Phaindéim COVID-19 sa Todhchaí an 24 Iúil 2020* a thug comhairle don Aire Sláinte agus don Rialtas maidir le freagairt sláinte poiblí ar COVID-19 amach anseo.
- Rinne NPHET tuilleadh mionchoigeartaithe ar an *gCreat* 4-chéim a forbraíodh i mí Iúil go *Creat* 5-Leibhéal do Bhearta Srianta, ag cur san áireamh an méid a foghlaimíodh ó na bearta sriantacha formhéadaithe a bhí i bhfeidhm le linn Lúnasa. Thug sé seo tuilleadh soiléireachta, comhsheasmhachta agus cinnteachta maidir le cur i bhfeidhm na mbeart sláinte poiblí.

Chun tacú le hobair NPHET, bunaíodh 11 fhoghrúpa in 2020. Bhí foireann saineolaithe ábhair mar bhaill de na foghrúpaí sin chun cabhrú le NPHET comhairle láidir a sholáthar don Rialtas chun cabhrú lena chinnteoireacht. Bhí Cathaoirligh na bhfoghrúpaí seo ina mbaill de NPHET freisin.

Seo a leanas liosta d'fhoghrúpaí 2020:

12. An Sainghrúpa Comhairleach (EAG)

13. An Foghrúpa Ullmhachta na nOspidéal Géarmhíochaine
14. An Foghrúpa um Athrú Iompraíochta
15. An Foghrúpa Treorach agus Sintéise Fianaise
16. Grúpa Comhairleach um Shamhaltú Eipidéimeolaíoch na hÉireann (IEMAG)
17. An Foghrúpa Reachtaíochta Sláinte
18. Na Foghrúpaí um Mheasúnú Criticiúlachta Leigheasanna agus Feistí Leighis
19. An Foghrúpa Comhairleach um Eitic Phaindéimeach
20. An Foghrúpa um Dhaoine Leochaileacha
21. An Foghrúpa um Fhórsa Saothair na hEarnála Sláinte
22. An Foghrúpa um Chuir Chuige Tástála Diagnóiseacha

- I dteannta leis na foghrúpaí seo, bunaíodh Fóram na gCeannairí Míochaine i mí an Mhárta 2020 chun teagmháil a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara cliniúla ar fud na seirbhíse sláinte agus ionchur saineolach a lorg maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19. Reáchtáladh deich gcuiníní idir Márta agus Meitheamh 2020, faoi chomhchathaoirleacht an Phríomhoifigigh Mhíochaine agus an Phríomhoifigigh Chliniciúil.
- I rith an tsamhraidh 2020, rinne NPHET scrúdú foirmiúil ar a struchtúir rialachais, a théarmaí tagartha, a fhoghrúpaí, agus a phróisis chun a chinntiú go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh ag oibriú go héifeachtúil agus ag cur go héifeachtach leis an bhfreagairt náisiúnta ar COVID-19 amach anseo. Tá a dtéarmaí tagartha comhlíonta ag tromlach na bhfoghrúpaí agus díscailleadh iad ar an gcoinníoll go bhféadfadh NPHET a cheangal orthu teacht le chéile arís, de réir mar ba ghá, sa todhchaí. Lean an EAG agus IEMAG dá gcuid oibre de réir a dtéarmaí tagartha.
- Leag an measúnú béim ar fhócas láidir NPHET ar a chroí-ról maidir le sláinte phoiblí, ar an gcomhoibriú éifeachtach idir an Roinn Sláinte agus a gníomhaireachtaí agus ar an mbéim láidir ar fhreagairt tras-Rialtais éifeachtach ar COVID-19. Tugadh suntas freisin do thiomantas NPHET do thrédhearacht maidir lena a chuid cruinnithe agus lena chur i bhfeidhm feabhsuithe chun a chinntiú gur scaipeadh agus gur foilsíodh clár oibre agus miontuairiscí agus páipéir na gcruinnithe go tráthúil.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le NPHET agus a fhoghrúpaí ar fáil san fhoilseachán *Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) le haghaidh COVID-19: Struchtúir Rialachais*¹¹.

Príomhghnóthachtálacha Fhreagairt Sláinte Poiblí ar COVID-19

Tá sé mar aidhm ag an rannán seo forbheathnú a thabhairt ar an mbailiúchán cuimsitheach atá curtha i gcrích ag an Roinn Sláinte maidir le Paindéim COVID-19 a bhainistiú.

TÁSTÁIL & RIANÚ

D'oibrigh an Roinn go dlúth le FSS chun oibríocht chuimsitheach, iontaofa agus freagrúil tástála agus rianaithe a acmhainniú agus a fhorbairt, trí chlár iomlán nua a thógáil.

- Cuireadh os cionn 2.3 milliún tástáil COVID-19 i gcrích in Éirinn in 2020.

¹¹ <https://www.gov.ie/en/publication/de1c30-national-public-health-emergency-team-nphet-for-covid-19-governance/>

- Osclaíodh ionaid tástála ar fud na tíre nuair ba ghá chun freastal ar an éileamh.
- Faoi Nollaig 2020, bhí 39 ionad tástála i bhfeidhm (34 ionad tástála statacha agus cúig phreabionad tástála). Ina theannta sin, cuireadh cláir thástála srathach cuimsitheacha i bhfeidhm in áiseanna cónaithe fadtéarmacha, in áiseanna próiseála bia agus i suíomhanna leochaileacha ardriosca eile.
- Bhí rianú teagmhála lárnach don fhreagairt ar an bpaindéim. Bunaíodh ceithre ionad rianaithe teagmhála chun cásanna tánaisteacha a shainaithint go tapa agus chun tacú le bainistiú cásanna casta déanta ag foirne sláinte poiblí.
- Trí fheachtas suntasach earcaíodh timpeall 1,000 maipíneoirí agus timpeall 800 rianairí teagmhála do na feidhmeanna tástála agus rianaithe. Áiríodh orthu seo meascán d'fhoireann shaincheaptha agus baill foirne ath-implonaithe ó réimsí eile den FSS agus ó ar fud na Seirbhíse Poiblí agus na Státseirbhíse.
- Faoi dheireadh 2020, bhí sé de acmhainn ag an tír suas le 175,000 duine a thástáil in aghaidh na seachtaine, agus úsáideadh saotharlanna sa tír agus lasmuigh den tír chun tástálacha a phróiseáil. Lig sé seo don chóras freagairt go láidir nuair a tháinig méadú easpóntúil ar líon na gcásanna agus na n-atreoruithe le haghaidh tástálacha le linn thréimhse dheireadh na bliana.

FÓRSA SAOTHAIR SLAINTE

Bhí gá le méadú práinneach tapa ar fhórsa saothair riachtanach na hearnála sláinte chun freagairt do na brúnna breise a bhí ann mar thoradh ar an bpaindéim. Cuireadh go leor tionscnamh earcaíochta ar bun chun an méadú seo a éascú agus chun an fórsa saothair reatha a uasmhádú ar fud na hearnála sláinte.

- Mar thoradh ar thionscnaimh earcaíochta tharla méadú 6,357 CL (Coibhéis Lánaimseartha) in 2020. Is é seo an méadú bliantúil is mó ar an bhfórsa saothair ó bunaíodh FSS.
- Nochtadh pleananna uailmhianacha chun an lucht saothair sláinte poiblí a dhúbailt trí 255 buanfhoireann breise a earcú, ar chostas bliantúil de bhreis ar €17m, lena n-áirítear dochtúirí sláinte poiblí, altraí sláinte poiblí, eolaithe agus foireann tacaíochta. Ní hamháin gur freagairt é seo ar an bpaindéim ach is infheistíocht é i bhforbairt ár bhfeidhm Sláinte Poiblí amach anseo.

SOLÁTHAR TCP AGUS AERÁLAI THE

Ar cheann de na dúshlán tosaigh i bhfreagairt na hÉireann ar COVID-19 ná soláthar inbhuanaithe Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) a bhunú.

- D'oibrigh an Roinn go dlúth le FSS chun línte soláthair a aimsiú agus a bhunú go tapa chun a chinntiú gur soláthraíodh TCP, aerálaithe agus soláthairtí agus trealamh éigeandála eile dár n-ospidéal agus d'oibríthe túslíne mar fhreagra ar an éigeandáil phaindéimeach a bhí ag teacht chun cinn, rud a tharla i margadh domhanda an-luaineach agus dúshlánach.
- Rinne an Roinn a dícheall acmhainn dhúchasach TCP a uasmhádú nuair ab fhéidir agus d'oibrigh sí le Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES), chomh maith leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), chun machnamh a dhéanamh ar conas tosaíocht a thabhairt do chohóirt bunaithe ar prionsabail eiticíúla agus ar cheisteanna eipidéimeolaíochta.

CLÁR VACSAÍNITHE

- D'éiligh forbairt Chlár Vacsaínithe COVID-19 na hÉireann cur chuige seachadta chun castacht/éiginnteacht a láimhseáil, comhoibriú agus rannpháirtíocht a chothú agus obair chomhoibriúch na mílte pearsanra a stiúradh ar fud an Rialtais, FSS, Gníomhaireachtaí Stáit, comhpháirtithe comhairleacha, rialála agus seachadta ar fud an na n-earnálacha príobháideacha poiblí agus deonacha. Mar sin dhear agus chuir an Clár i bhfeidhm próiseas ó cheann ceann othar, lóistíocht, infreastruchtúr, córas faisnéise vacsaínithe saincheaptha agus earcaíodh na mílte pearsanra le haghaidh oibriú sábháilte, éifeachtach agus comhtháite an chlár vacsaínithe.
- Le haghaidh clár faoi stiúir an tsoláthair, forbraíodh *Treochlár um Pleanáil Cláir* (PPR) nuálach chun tacú le próiseas pleanála oiriúnaitheach agus chun é a chumasú. Chruthaigh an PPR cumas chun samhaltú fairsing agus anailís chásanna a dhéanamh i gcomhthéacs éiginnteacht suntasach, réamh-mheas a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe a bhfuiltear ag súil leo, eolas a roinnt agus eolas a mhéadú.
- Tá an Roinn Sláinte ag déanamh ionadaíochta ar son mhuintir na hÉireann i gCleachtadh Soláthair AE arna oibriú ag an gCoimisiún Eorpach thar ceann na mballstát chun vacsaíní oiriúnacha, sábháilte agus éifeachtacha a fháil i gcainníochtaí leordhóthanacha, chun dul i ngleic le COVID-19. Ghlac an Roinn agus an FSS páirt ghníomhach i gcruinnithe an Bhoird Stiúrtha, faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, a chruthaíonn an croífhóram rialachais agus comhairliúcháin do phróiseas soláthair an AE.
- Tá na socrúithe beartaithe lena chinntiú go ndéanfar gníomhaíocht chomhordaithe ag an leibhéal Eorpach chun daonra an AE a vacsaíniú. Faoi dheireadh 2020, chinn Éire glacadh le Chomhaontú Réamhcheannaigh (APA) leis an déantóir drugaí Briotanach-Sualainneach AstraZeneca, a bhí i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Oxford agus a bhí ag smaoineamh ar an dara APA (Sanofi-Pasteur) a thairgeadh do bhallstáit.
- Ba í an vacsaín Pfizer/BioNTech an chéad vacsaín údaraithe le húsáid in Éirinn tar éis don Choimisiún Eorpach an vacsaín a údarú an 21 Nollaig 2020, de bhun moladh dearfach ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.
- Tugadh an chéad vacsaín in Éirinn an 29 Nollaig 2020.

BEARTAS TAISTIL

Ba í aidhm an bheartais taistil mar fhreagairt ar COVID-19 ná sláinte phoiblí a chosaint. Mar sin, d'fhan a fhorbairt le linn na paindéime solúbtha agus frithghníomhach, bunaithe ar an staid epidéimeolaíoch agus ar fhianaise eolaíoch atá ag teacht chun cinn.

Cur chuige coiteann maidir le taisteal laistigh den AE

Ó thús na paindéime, tá roinnt beart glactha ag ballstáit an AE chun sláinte phoiblí a chosaint.

- Chun deighilt agus cur isteach ar sheirbhísí a sheachaint agus chun trédharcacht agus intuarthacht a chinntiú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, an 13 Deireadh Fómhair 2020, le moladh maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Ghlac Éire le gnéithe den Mholadh seo mar chuid de bhearta taistil náisiúnta.
- Ghlac an Roinn páirt ghníomhach i bhforbairt agus i leasú leanúnach an mholta seo ón gComhairle ag teacht le forbairt na staide epidéimeolaíoch .

Tabhairt isteach Riachtanais Taistil Sláinte Poiblí

Ó Mhárta 2020, tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na bearta sláinte poiblí maidir le taisteal idirnáisiúnta, agus rinneadh nuashonruithe tábhachtacha mar seo a leanas:

- An 6 Iúil, chinn an Rialtas go ndrúachtófaí 'liosta glas' de tíortha a raibh staideanna eipidémeolaíochta acu atá incomparáide nó níos fearr ná staid na hÉireann agus nach mbeadh gá le gluaiseacht srianta ó thaistealaithe ó na tíortha sin. Bhí an cur chuige chun an liosta glas a fhorbairt bunaithe ar an modheolaíocht a d'úsáid an AE chun measúnuithe a dhéanamh ar thríú tíortha, oiriúnaithe do chomhthéacs na hÉireann. Rinneadh athbhreithniú ar Liosta Glas an Rialtais gach seachtain chun tíortha an AE/LEE a raibh rátaí teagmhas 25 in aghaidh 100,000 nó níos lú den daonra acu a chur san áireamh.
- Glacadh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 13 Deireadh Fómhair leis an Moladh ó Chomhairle an AE maidir le cur chuige comhordaithe i leith srianadh saorghluaiseachta mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Tá sé mar aidhm ag an moladh seo deighilt agus cur isteach a sheachaint, agus trédhearcacht agus intuarthacht a mhéadú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.
- Mar fhreagra ar athraitheach nua de COVID-19 a aithint, cuireadh cosc ar gach eitilt isteach go hÉirinn ón mBreatain Mhór ó mheán oíche 20 Nollaig 2020 go dtí 06 Eanáir 2021. Cuireadh an toirmeasc sealadach eiltile i bhfeidhm go docht ar neamhchónaitheoirí, saoránaigh Éireannacha san áireamh. Mar gheall ar theacht chun cinn na gcineálacha athraitheacha nua de COVID-19, tugadh isteach réamhchúraimí breise do thaistealaithe ón mBreatain Mhór, ón Afraic Theas agus ó Mheiriceá Theas. Cuireadh ceanglas go dteaspeánfaí toradh diúltach/'neamhbhraite' ó thástáil um imoibriú slabhrúil polaiméaraíse (PCR) COVID-19 réamh-eiltile déanta tráth nach mó ná 72 uair an chloig roimh theacht go hÉirinn in ionad an choisc eiltile tosaigh ar 08 Eanáir.

Foirm Aimsithe Paisinéara

Tugadh isteach Foirm Aimsithe Paisinéara (PLF) COVID-19 na hÉireann an 24 Aibreán 2020 chun tacú le rianú teagmhála agus teachtaireachtaí sláinte poiblí chun cabhrú leis na hiarrachtaí náisiúnta chun dul i ngleic leis an víreas.

- Tar éis chinneadh an Rialtais an 15 Bealtaine 2020, rinneadh ceanglas éigeantach den PLF do phaisinéirí go hÉirinn ó thar lear agus bunaíodh rialacháin tacaíochta.
- Rinneadh roinnt athleagan den Fhoirm Aimsithe Paisinéara COVID-19 le lin na bliana, lena n-áirítear tabhairt isteach leagan leictreonach de bhreis ar na foirmeacha páipéir an 26 Lúnasa 2020 agus rinneadh na rialacháin a nuashonrú arís agus arís eile chun na hathruithe riachtanacha a léiriú.

Cumarsáid Sláinte Poiblí

In 2020, reáchtáil an Roinn Sláinte raon feachtas agus tionscnamh cumarsáide ceaptha chun tacú le paindéim COVID-19 in Éirinn a bhainistiú, agus chun freagairt iomlán sláinte poiblí a neartú. I gcás paindéime, tá cumarsáid phoiblí éifeachtach ar cheann de na codanna is tábhachtaí de phlean freagartha foriomlán géarchéime an náisiúin. Bhí sé ríthábhachtach tuiscint an phobail a fheabhsú agus iompraíochtaí nua sábháilte a spreagadh trí chumarsáid chun sláinte daoine a chosaint agus chun dul i ngleic leis an mbagairt víreasach nua seo, agus gan aon vacsaín ann ag an am. Ba é cur chuige cumarsáide straitéiseach na Roinne:

- Cumarsáid thrédhearcach agus oscailte leis an bpobal treoraithe ag guthanna saineolaithe iontaofa;

- Teachtaireachtaí comhordaithe, simplithe agus comhsheasmhacha, agus fíricí, sonraí agus rochtain fíor-ama ar fhaisnéis mar bhonn agus mar thaca acu;
- Branda nua a chruthú- an chomhairle bhuí um shláinte phoiblí COVID-19 – chun scála na héigeandála poiblí a chur in iúl agus chun saoránaigh a threorú chuig eolas iontaofa, scaipthe ar bhealach comhordaithe trí chomhpháirtithe tras-rialtais agus trasearnála; agus
- Cumarsáid fianaisebhunaithe, tacaíthe ag sonraí lena n-áiríodh taighde seasta margaidh, anailís lucht éisteachta/léimh agus rianú dhearcthaí an phobail.

Ó Mhárta go Meitheamh 2020, rinne an Roinn Sláinte:

- 6 fheachtas buí éagsúla COVID-19 a chruthú, agus póstaer ar fáil ar www.gov.ie d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach le híoslódáil agus le húsáid.
- 2 mhilliún leabhrán faisnéise COVID-19 a sheachadadh, ceann do gach teaghlach sa tír.
- Breis is 75 preasagallamh a reáchtáil chun an náisiún a chur ar an eolas maidir le chun cinn an ghalair.
- Breis is 30,000 suirbhé cainníochtúil, 32 fócasghrúpa agus 32 agallaimh dhomhain a reáchtáil, ag éisteacht leis an náisiún agus iad ag dul i dtáthí ar an bpaindéim agus ár gcumarsáid á hoiriúniú mar ba chúil.

Idir Meitheamh 2020 agus Nollaig 2020, d'eagraigh an Roinn:

- Breis is 2 mhilliún póstaer dátheangach ar conas do lámha a ní i gceart;
- Feachtas "Fan sa Bhaile. Bí sábháilte. Coinnígí a chéile Slán." chun tacú le treoir nuashonraithe um mhaolú srianta Chéim 2, comhairle iompraíochta agus eolas maidir le comharthaí COVID-19;
- feachtais réigiúnacha a chuimsigh na meáin, na meáin shóisialta íoctha agus fógraíocht chun tacú le bearta réigiúnacha "Fan sa Bhaile";
- Sraith d'fheachtais chruthaitheacha sóisialta agus digiteacha íoctha dírithe ar an aos óg ar conas buaileadh go sóisialta le daoine go sábháilte i rith an tsamhraidh agus an gheimhridh; agus
- Feachtas "Bí Sábháilte" chun tacú le srianta a tugadh isteach arís i mí na Nollag 2020.

AIP RIANAITHE COVID-19

Príomh-nuálaíocht i bhfreagairt na hÉireann ar an bpaindéim ba ea forbairt an Aip Rianaithe COVID-19.

- Seoladh Aip Lorgaire COVID-19 na hÉireann i mí Iúil 2020 agus rinneadh breis agus 1 mhilliún íoslódálacha air laistigh den chéad 48 uair.
- Ba í Éire an chéad tír ar domhan a bhain idir-inoibritheacht aipe rianaithe teagmhála uile-oileáin amach i mí Iúil agus Aip Rianaithe COVID-19 idir-inoibritheach le haip STOPCOVIDNI Thuaisceart Éireann.
- Mar aon leis an nGearmáin agus an Iodáil, bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha san Eoraip a ghlac páirt i nGeata Idir-Inoibritheachta an AE a chuaigh beo an 19 Deireadh Fómhair 2020, rud a lig d'aipeanna náisiúnta rianaithe teagmhála 'labhairt lena chéile', rud a chiallaíonn nach gá aip áitiúil a íoslódáil agus tú ag taisteal chuig na tíortha rannpháirteacha.

- Nuashonruithe aipe chun sonraí ar chásanna deimhnithe agus rátaí minicíochta 14-lá de réir contae a chur san áireamh agus sonraí ar líon na vacsaínithe chéad dáileoige agus dara dáileoige, de réir cineáil vacsaíne.

MOL SONRAÍ COVID-19 NA HÉIREANN

Tá trédhearcacht agus oscailteacht ina bpríomhchodanna de chumarsáid éifeachtach sláinte agus, chuige sin, forbraíodh Mol Sonraí COVID-19 chun go mbeadh sé níos easca don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile teacht ar eolas.

- Go luath i mí an Mhárta 2020, bhí an Roinn Sláinte mar chuid den Ghrúpa Comhordaithe Freagairte COVID-19 GeoHive a bunaíodh chun freagairt go tapa don éileamh seo. Ag baint úsáide as an ardán GeoHive a bhí ann cheana féin, é á bhainistiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, seoladh Mol Sonraí COVID-19 na hÉireann ar 18 Márta 2020.
- Tionscadal an-chomhoibrítheach a bhí i bhforbairt an Mhoil idir an Roinn Sláinte, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HSPC), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tAonad Faisnéise Sláinte, an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann agus go leor eile. Ar dtús bhí sonraí ann ar chásanna agus ar bhásanna COVID-19 (ó HPSC), chomh maith le sonraí ospidéal (ó FSS) agus líon na ndaoine san ICU (ón Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil) agus tástáil saotharlainne (ó HPSC).
- Ar an mol tá limistéar slán freisin a bhfuil rochtain ag NPHET air, a chabhraíonn leis an bpróiseas náisiúnta déanta beartas.
- De réir mar a tháinig an phaindéim chun cinn, bhí níos mó sonraí ar fáil agus tháinig méadú ar éileamh an phobail ar fhaisnéis. Bhunaigh an tAonad Staidrimh agus Anailíse laistigh den Roinn Sláinte Grúpa Comhordaithe Sonraí COVID-19 chun gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí a raibh baint acu le sonraí maidir le COVID-19 a bhailiú agus a scaipeadh in Éirinn a stiúradh agus chun maoirsiú a dhéanamh ar leathnú an Mhoil Sonraí.
- Gné lárnach ón tús ná go mbeadh na sonraí go léir inrochtana mar shonraí oscailte go díreach tríd an mol agus trí Thairseach Sonraí Oscailte na hÉireann. Laghdaíonn sreafaí sonraí uathoibríthe an Mhoil an t-ualach oibre ata ar na soláthraithe sonraí agus méadaítear an luach d'úsáideoirí sonraí. Lig sé seo do go leor úsáideoirí a gcuid léirshamlaithe agus seirbhísí féin a chruthú cosúil leis na staitisticí a úsáideann Aip Rianaithe COVID-19 FSS, Deais RTÉ agus go leor eolaithe sonraí sa phobal.
- Mar a thosaigh mar fhreagairt éigeandála ar COVID-19, ta sé de chumas aige fás ina chur chuige atá ag éirí níos comhordaithe agus níos oscailte maidir le sonraí sláinte a roinnt agus a fhoilsiú in Éirinn.

REACHTÁIÓCHT SLÁINTE POIBLÍ

De réir mar a thug Éire aghaidh ar ghéarchéim nach bhfacthas riamh roimhe, bhí sé riachtanach bearta sláinte poiblí a thacú le bonn reachtúil. B'ionann é seo agus corpas suntasach oibre a thug an Roinn faoi agus a chuir sí i gcrích é i rith 2020.

- In 2020 dhréachtaigh an Roinn dhá phíosa éagsúla de Reachtaíocht Phríomhúil agus rinne sí maoirsiú orthu tríd an Oireachtas: an tAcht Sláinte (Caomhnú agus Cosaint agus Bearta Éigeandála eile ar mhaithe le Leas an Phobail) 2020, agus an tAcht Sláinte (Leasú) 2020.

Foráiltear leis na hAchtanna seo do chumhachtaí éigeandála d'fhonn éifeacht a thabhairt do bhearta sláinte poiblí chun sláinte agus saolta daoine a chosaint le linn phaindéim COVID-19.

- Dhréachtaigh an Roinn 51 Ionstraim Reachtúil faoi na cumhachtaí éigeandála seo. Tugann na Rialacháin seo éifeacht do na bearta sláinte poiblí a chomhaontaigh an Rialtas.
- Dhréachtaigh agus rinne an Roinn maoirsiú ar dhá rún chomhphárteacha Oireachtais i bhFómhar 2020 freisin, a thug síniú ama do na cumhachtaí éigeandála COVID-19 ón dáta éagtha bunaidh, 09 Samhain 2020 go 09 Meitheamh 2021.

OB AIR TRAS-RIALTAIS

Chomh maith leis an obair thras-rialtasach a rinneadh trí NPHET, rinneadh an obair thras-rialtas shuntasach seo a leanas:

- Agus í ag obair leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, stiúir an Roinn gur i gcrích agus cur i bhfeidhm mholtaí NPHET ar úsáid maisc bhacainne nó clúdaigh aghaidhe ag an bpobal i gcoitinne.
- Chuaigh an Roinn i gcomhairle freisin le Ranna Rialtais eile chun a chinntiú:
 - Go raibh rochtain ag Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann (IBTS) ar scoileanna dá gclinicí fola;
 - Go raibh foireann SFAÉ díolmhaithe ó shrianta sláinte poiblí agus iad ag taisteal chuig agus ón obair; agus
 - Go bhféadfadh baill den phobal a dteach a fhágáil chun freastal ar chlinic fola.
- Thug an Roinn faoi obair fhairsing i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an FSS agus gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse eile chun roinnt gnéithe d'obair COVID-19 a struchtúru ar bhealach cuí chun clúdach leordhóthanach dliteanais a chinntiú do gach páirtí.
- Chuaigh an tAonad Bia & Sláinte Comhshaoil i gcomhairle leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tÚdarás Sábháilteachta Sláinte (HSA) agus Seirbhís Sláinte Comhshaoil (EHS) an FSS chun socrúithe a chomhaontú agus a thabhairt chun críche maidir le baint an EHS leis an bprótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte de chuid an HSA. Prótacal. Áiríodh leis an EHS feasacht ar an bPrótacal a mhéadú i measc gnólachtaí bia mar chuid dá réimeas cigireachta leanúnach. Tugadh faoi 11,854 cuairt in 2020.

RANPHÁIRTÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA AGUS AE MÉADAITHE

Tháinig méadú mór ar rannpháirtíocht idirnáisiúnta na Roinne le linn 2020 de réir mar a bhunaigh an AE struchtúir nua agus a neartaigh sé na cinn a bhí ann cheana féin chun an fhreagairt ar fud na mBallstát a chomhordú ar bhealach níos fearr. Tháinig Airí Sláinte an AE le chéile go minic sa dara leath de 2020 chun an phaindéim a phlé agus chun an fhreagairt a neartú.

- Mhéadaigh rannpháirtíocht agus oibleagáidí AE agus idirnáisiúnta na Roinne agus a hualach oibre reachtaíochta AE go suntasach mar fhreagairt ar Phaindéim COVID-19 ó Mhárta 2020.
- Thug an Roinn faoi sheirbhísiú an Bhoird Stiúrtha Vacsaínithe (cruthaithe ar bhonn eisceachtúil) ag leibhéal saineolaithe, agus ar phointí teagmhála náisiúnta iomadúla do shruthanna oibre faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála agus, le gníomhachtú iomlán an mheicníocht Freagartha Comhtháite ar Ghéarchéim Pholaitiúil (IPCR) d'fhonn fhreagairt thrasearnála an AE ag leibhéal Attaché a chomhordú.

- Tháinig méadú freisin ar leibhéil rannpháirtíochta le struchtúir reatha mar shampla, ag leibhéal saineolaíche, an Coiste Slándála Sláinte agus an Líonra rShláinte, COREPER ag leibhéal na nAmbasadóirí agus, ag leibhéal na nAí, an Chomhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóir an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO).
- Mar léiriú ar fheiceálacht pholaitiúil mhéadaithe na saincheisteanna sláinte, ba mhinic a bhí an fhreagairt phaindéimeach ar chlár oibre na Comhairle Gnóthaí Ginearálta (GAC) agus na Comhairle Eorpaí (EUCO) agus tugadh faisnéisiú chun rannpháirtíocht a chumasú.
- Síníodh Meabhrán Tuisceana (MoU) i mí Aibreáin 2020 chun comhoibriú Thuaidh/Theas ar an bhfreagairt sláinte poiblí ar COVID-19 a neartú agus síníodh MT eile chun dul i ngleic le comhoibriú agus tacaíocht fhrithpháirteach i seachadadh cúraim chriticiúil i mí na Samhna 2020. Tharla plé go minic idir an Roinn agus a comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann maidir leis an staid eipidéimeolaíoch agus an fhreagairt sláinte poiblí.

Leanúnachas agus Oiriúnú Seirbhíse

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 cuireadh isteach ar ghnáthghníomhaíochtaí cúraim sláinte ar scála nach bhfacthas riamh, agus cuireadh isteach ar gach suíomh cúram sláinte le linn 2020. Ina ainneoin sin, lean an Roinn Sláinte ag tacú agus ag stiúradh na earnála sláinte agus cúraim shóisialta chun a chinntiú, a mhéid a bhí indéanta, go leanfaí le seirbhísí chur ar fáil do mhuintir na hÉireann i rith Phaindéim COVID-19.

SEIRBHÍSÍ GÉARMHÍOCHAINÉ

- Cuireadh ar fail 324 leaba géarmhíochaine breise.
- Thángthas ar chomhaontú trí mhí le Cumann na nOspidéal Príobháideach suas le 100% de acmhainn na n-ospidéal príobháideach a úsáid chun brúnna na paindéime ar chóras na n-ospidéal poiblí a mhaolú.
- D'aontaigh an Roinn agus an FSS socrú nua leis na 18 n-ospidéal phríobháideacha chun rochtain ar acmhainn ospidéal phríobháideacha a sholáthar don FSS chun socrú líontáin sábhála a chuimsiú le haghaidh aon bhorradh breise de chás COVID-19 in 2021 tar éis fhoirceannadh an chomhaontaithe bhunaidh leis na hospidéal phríobháideacha i mí an Mheithimh 2020.
- Forbraíodh plean straitéiseach ilbhliantúil le haghaidh acmhainn bhreise cúraim chriticiúil i gcomhpháirt le FSS, agus leis an gClár Cliniciúil Náisiúnta um Chúram Criticiúil. Leagann an plean seo amach dhá chéim den leathnú acmhainne chun:
 - ullmhacht an chórais sláinte a chinntiú maidir le soláthar cúraim chriticiúil d'othair COVID-19 agus neamh-COVID-19 mar chuid den fhreagairt leanúnach ar an bpaindéim COVID-19; agus
 - tacú leis an sprioc straitéiseach fhadtéarmach uailmhianach maidir le hacmhainn iomlán cúraim chriticiúil a mhéadú go 446 leaba, ag dul i ngleic go hiomlán leis na moltaí maidir le cúram chriticiúil san Athbheithniú Acmhainne ar na Seirbhíse Sláinte.
- Bunaíodh líonra de Mhoil Mheasúnaithe Pobail chun géarmheasúnú cliniciúil pobalbhunaithe tráthúil a sholáthar d'othair COVID-19 (dóchúla agus deimhnithe) ina gceantar áitiúil. Le linn na tréimhse ba mheasa COVID-19, bhí 29 mol i bhfeidhm, agus d'athraigh líon na mol a bhí ag feidhmiú ag aon am amháin le linn na bliana de réir leibhéil athraitheacha an éilimh.
- Cuireadh bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh an Binsé Cúitimh Heipitéas C & VEID in ann feidhmiú le linn na paindéime:

- Bhí foireann an Bhinse díolmhaithe ó shrianta agus iad ag taisteal chuig agus ón obair.
- Shínigh an tAire Ordú Aireachta, ag ainmniú an Bhinse mar Chomhlacht Stáit chun críche cruinnithe agus éisteachtaí cianda a thionól, de réir an Achta um an Dlí Sibhialta agus um an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020.

CÚRAM PRÍOMHÚIL AGUS POBAIL

Bhí ról lárnach ag Cleachtóirí Cúraim Phríomhúil maidir le freagairt do riachtanais sláinte an phobail le linn ghéarchéim COVID-19. Thacaigh rannpháirtíocht idir an Roinn Sláinte, FSS, agus na comhlachtaí gairmiúla agus rialála éagsúla leis an ról seo.

Cógaisíocht Phobail

- Athraíodh córas Healthmail FSS le gur féidir oidis a aistriú go díreach chuig cógaslann.
- Aithníodh cógaiseoirí pobail agus a bhfoirne mar phríomhoibrithe chun rochtain ar thástáil tosaíochta don víreas COVID-19 agus rochtain tosaíochta ar vacsaíniú a chinntiú.
- Cuireadh S.I. Uimh. 401 i bhfeidhm chun go bhféadfadh cógaiseoirí vacsaíniú an fhlíú a thabhairt in áiteanna seachas áitribh an ghnó cógaisíochta miondíola. Laghdaigh sé seo bacainní ar pháirt a ghlacadh san fheachtas Náisiúnta um vacsaíniú Fliú.

Sláinte Bhéil

- Bhí Cleachtais Fiaclóireachta ar cheann de na chéad seirbhísí a athosclaíodh tar éis na 'dianghlasála' tosaigh an 18 Bealtaine 2020. Tharla seo mar gheall ar thacaíocht ó threoir an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) a choimisiúnaigh an Roinn agus a cuireadh i bhfeidhm chun tacú le hathoscailt seirbhísí.
- D'oibrigh an Roinn leis an HPSC agus leis an gComhairle Fiaclóireachta chun an treoir seo a fhorbairt agus a athbhreithniú le linn 2020.
- Tugadh dara tosaíocht d'fhiaclóirí agus dá bhfoirne maidir le vacsaíní COVID-19 a fháil.
- Leasaíodh IR 698 de 2020 i mí Feabhra 2021 chun fiaclóirí agus radharceolaithe cláraithe a chur le liosta na ngairmithe a fhéadfaidh vacsaíniú COVID-19 a sholáthar agus a thabhairt.

Cleachtadh Ginearálta

- Tugadh isteach sraith beart, comhaontaithe leis an IMO, chun tacú le cleachtadh ginearálta, ó Mhárta 2020, chun a chinntiú go raibh Dochtúirí Teaghlaigh in ann leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanacha, idir COVID-19 agus neamh-COVID-19. Rinne an pacáiste seo foráil do mheasúnuithe COVID ó dhochtúirí agus d'atreoruithe tástála gan táille do gach othar. Anuas ar na tacaíochtaí seo, tugadh isteach socrú freisin chun tacú le seirbhísí DT Lasmuigh d'Uaireanta Gnó.
- Athraíodh an Clár um Bainistiú Galar Ainsealach (CDM), ar cuireadh tús leis ag deireadh mhí Eanáir 2020, chun ligean do DT ann athbhreithniú othair a dhéanamh go cianda chomh maith le hathbhreithnithe lialanna de réir mar ba ghá go clínicíúil. Lig an Clár CDM Athraithe do 120,000 othar os cionn 70 bliain d'aois leas a bhaint as an gclár in 2020, seachas na 43,000 othar os cionn 75 a bhí beartaithe ar dtús don bhliain sin, rud a chuidigh leis an gcúram do ghalair ainsealacha a choinneáil sa phobal.
- Leathnaíodh an clár vacsaínithe fliú in Éirinn do shéasúr an fhlíú 2020/2021 ionas go mbeadh rochtain gan táille ag gach duine sna grúpaí i mbaol atá sainithe ag FSS ó 6 mhí d'aois suas, agus gach leanbh idir 2 agus 17 mbliana d'aois agus na haoiseanna sin san áireamh, ar vacsaíniú. Bhí méadú suntasach ar líon na vacsaíní a tugadh mar thoradh ar an gclár.

Scagthástáil

- Cuireadh na ceithre chlár scagthástála ar fad (BreastCheck, CervicalCheck, BowelScreen agus Diabetic RetinaScan) atá á reáchtáil ag an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (NSS) ar ceal ar feadh tamaill in 2020 mar gheall ar COVID-19. Atosaíodh na seirbhísí scagthástála go léir ar bhonn céimneach le linn 2020. Le linn an tsosa, bhí an fhoireann chliniciúil ag tacú le seirbhísí cíche siomptómacha ina n-ospidéal óstacha, agus iad ag soláthar cúraim, diagnóisice, cóireála agus máinliachta d'othair a atreoraíodh chuig an tseirbhís shiomptómach.

SEIRBHÍSÍ CÚRAIM SHÓISIALAIGH AGUS MEABHAIRSHLÁINTE

- Rinneadh maoirseacht leanúnach ar sheachadadh seirbhíse, ag díriú ar atosú seirbhísí FSS a dúnadh ag tús na paidéime.
- Cinntíodh gur díriodh ar sheirbhísí cúraim mhaolaithigh agus seirbhísí cúraim um dheireadh saoil a chuir ar fáil le linn COVID-19 agus forbraíodh tograí chun tacú le leithdháileadh €7.7m don earnáil ospíse dheonach agus €10m don earnáil cúraim mhaolaithigh i gcoitinne sa chomhthéacs seo.
- D'oibrigh FSS agus príomh-chomhpháirtithe leis an Roinn chun a chinntiú gur coinníodh seirbhísí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus cúramóirí teaghlaigh le linn COVID-19 agus chinntigh sé seo go raibh freagairtí nuálacha COVID-19, cosúil le cúram lae sa bhaile do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus faoiseamh éigeandála do chúramóirí teaghlaigh, lárnach i bPlean Seirbhíse Náisiúnta 2021.
- D'oibrigh an Roinn le FSS agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) chun a chinntiú gur cuireadh seirbhísí cónaithe ar fáil go sábháilte do dhaoine faoi mhíchumas le linn COVID-19.
- Eagraíodh babhta bailithe tuairimí do chúramóirí teaghlaigh chun a n-eispéiris ar chúram roimh COVID-19 agus ina dhiaidh a phlé.
- Soláthraíodh seirbhísí cónaithe míchumais iomlána ar feadh na paidéime.
- Thacaigh FSS, HIQA agus soláthraithe seirbhísí míchumais leis an Roinn chun soláthar tacaíochtaí a chinntiú lena n-áiríodh trealamh TCP, treoir um ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, agus foirne freagartha COVID-19, rud a chinntigh gur baineadh amach cosaint shuntasach do chónaitheoirí saoráidí cónaithe cúraim míchumais.
- Foilsíodh *Seirbhísí míchumaisiullmhacht agus freagairt leanúnach ar COVID-19*.
- Tacaíodh le breis is 7,000 duine fásta faoi mhíchumas nuair a dúnadh láithreacha seirbhíse Lae um Aosaigh faoi Mhíchumas, trí mheascán de thacaí cianda agus for-rochtana lae, ag baint leasa as bealaí nuálacha oibre agus tacaíochtaí teicneolaíochta. Lean 4,000 duine fásta breise le roinnt seirbhísí duine-le-duine a fháil, lena n-áiríodh thart ar 900 úsáideoir seirbhíse tosaíochta a lean le tacaíochta a fháil ag láithreacha seirbhíse lae, laistigh de threoirlínte sláinte poiblí.
- Tugadh €7.5m breise i Meán Fómhair 2020 chun seirbhísí lae a mhéadú 1 lá sa tseachtain do 14,940 úsáideoir seirbhíse lae agus faoi dheireadh mhí na Samhna bhí soláthar seirbhíse méadaithe go 51% den bhunseirbhís. Cuireadh leis seo le méadú ar thacaí cianda mar gheall ar an infheistíocht sa teicneolaíocht.
- Tugadh isteach reachtaíocht éigeandála (Cuid 5 den Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (COVID-19) 2020) chun a chur ar chumas an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte (MHC) binsí meabhair-shláinte a reáchtáil le hidirghníomhú pearsanta teoranta.

- Tugadh isteach reachtaíocht thánaisteach chun aistriú othar ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar (CMH) Dún Droma go dtí saoráidí nua i bPort Reachrann a éascú, ionas gur féidir cóireáil chuí a chur ar othair eile atá i mbaol ag an CMH.
- Bunaíodh grúpa maoirseachta tríphárteach, comhdhéanta d'Aonad Meabhair-Shláinte na Roinne, Seirbhísí Meabhairshláinte FSS agus an MHC chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar fhreagairtí ar COVID-19.
- Tugadh breis agus €2 mhilliún do raon réiteach ríomh-mheabhairshláinte agus teile-mheabhairshláinte, rud a chuir ar ár gcumas seirbhís mheabhair-shláinte níos cumaiscthe, níos cothroime le dáta a thairiscint chun déileáil le héilimh agus le cúinsí athraitheacha.

TACAÍOCHTAÍ DO THITHE ALTRANAIS

Tá sé léirithe ag fianaise in Éirinn agus ar fud an domhain go bhfuil daoine scothaosta, go háirithe iad siúd atá i mbaol míochaine nó atá níos laige, go bhfuil siad i mbaol mór torthaí níos measa ó COVID-19, agus go raibh tionchar mór ar shuíomhanna comhchónaithe ar nós saoráidí cúraim cónaithe fadtéarmacha.

- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm pacáiste cuimsitheach freagraí beartais agus bearta tacaíochta chun tacú le seirbhísí tacaíochta i dtithe altranais agus sa bhaile le linn na paindéime.
- De bhun mholadh NPHET, bhunaigh an tAire Sláinte *Painéal Saineolaithe COVID-19 ar Thithe Altranais* i mí na Bealtaine 2020. Foilsíodh tuarascáil an Phainéil Saineolaithe² i mí Lúnasa 2020 ina raibh pacáiste moltaí agus creat don fhreagairt leanúnach ar COVID-19 i dtithe altranais.
- Bunaíodh struchtúir forfheidhmithe, lena n-áirítear maoirseachta foireann ilghníomhaireachta agus grúpa tagartha páirtithe leasmhara, chun moltaí na Tuarascála a chur chun cinn.
- Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i mí Dheireadh Fómhair 2020, inar leagadh amach an príomh dul chun cinn luath ar raon de phríomh-mholtaí náisiúnta.
- D'fhorbair an Roinn, i gcomhar le FSS agus NTPF, an *Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh* agus fuair sí suas le €134.5m de mhaoiniú, chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do thithe altranais príobháideacha chun tionchar ráigeanna COVID-19 a chosc agus a bhainistiú.
- Thug an Roinn tacaíocht fhairsing don fhreagairt ar bhainistiú tionchar na géarchéime COVID-19 i dtithe altranais, lena n-áirítear freastal ar na héilimh shuntasacha a tháinig chun cinn mar gheall ar an leibhéal ard imní poiblí agus parlaiminte.

CUIMSIÚ SÓISIALTA

- Chomhordaigh an Roinn an freagairt sláinte poiblí a chomhordú do ghrúpaí atá eisiata go sóisialta i suíomhanna comhchónaithe agus sa phobal lena n-áirítear daoine a úsáideann drugaí, daoine gan dídean, an Lucht Siúil, an pobal Romach, agus cónaitheoirí in ionaid soláthair dhírih.
- Chomhoibrigh an Roinn le ranna rialtais, le FSS agus leis an tsochaí shibhialta chun tionchar foriomlán COVID-19 ar ghrúpaí atá eisiata go sóisialta a íoslaghdú trína chinntiú go bhfuair siad gníomh tosaíochta maidir le brath, bainistíocht cásanna agus rianú teagmhála. Baineadh úsáid as cur chuige mear agus solúbtha maidir le cásanna casta sna pobail seo, rud a laghdaigh a leathadh ina dhiaidh sin.
- Thacaigh an Roinn leis an bhfreagairt ar COVID-19 faoi stiúir FSS, i measc daoine gan dídean as a dtáinig maoiniú breise de €3m i bPlean Geimhridh FSS le haghaidh seirbhísí feabhsaithe

cúraim sláinte do dhaoine gan dídean, lena n-áirítear 300 duine a chosaint i lóistín agus a ndoras féin acu.

- D'oibrigh an Roinn, an FSS agus eagraíochtaí deonacha agus pobail le chéile chun seirbhísí drugaí agus alcóil a athchóiriú do dhaoine a bhfuil spleáchas ar úsáid substaintí orthu. Cuireadh maoiniú breise de €500,000 ar fáil do thascfhórsaí drugaí agus alcóil chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse a gcuid seirbhísí a oiriúnú chun dul i ngleic le srianta COVID-19.
- Cuireadh treoir sláinte poiblí ar fáil i bhformáid inrochtana do dhaoine a úsáideann drugaí agus dóibh siúd a bhfuil spleáchas orthu ar alcól. Cuireadh treoir ar fáil freisin chun tacú le hoibriú leanúnach na ngrúpaí agus na gclár tacaíochta drugaí agus alcóil.
- Rinneadh mearmheasúnú tionchair ar thionchar COVID-19 ar sheirbhísí drugaí agus alcóil agus ar dhaoine a úsáideann drugaí², i gcomhar le Seirbhísí Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann agus an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Gníomhaíochtaí a bhaineann le Drugaí.

ACMHAINNÍ DAONNA - MAOIRSEACHT AGUS BEARTAS

- Cruthaíodh meicníocht shealadach chun ligean d'athcheapadh tapa cleachtóirí sláinte agus cúraim shóisialta a bhí ar scor chuig cláir ghairmiúla le linn Éigeandáil COVID-19.
- Sainithníodh i nGníomh 6 den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar COVID-19 ath-earcú oibrithe ar scor ón earnáil sláinte chun an líon gairmithe sláinte cláraithe atá ar fáil chun an paindéim a chomhrac a uasmhéadú. Tar éis dul i gcomhairle leis na sé rialtóirí gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh, leasaíodh cúig cinn de na hAchtanna rialála leis an Acht um Bearta Éigeandála chun foráil a dhéanamh do mhearmheicníocht chun a bheith athcheaptha don chlár saor in aisce, chun críche sainiúil aghaidh a thabhairt ar Éigeandáil COVID-19.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do Céim 1 den Chreat Foirnithe Sábháilte in ospidéal Múnla 4. Leithdháileadh €5m in 2020. Tá Comhordaitheoirí Foirnithe Sábháilte i ngach ospidéal Múnla 4 anois chun tacú leis an gcur i bhfeidhm.
- Síndh an conradh TF chun tacú le rolladh amach an Chreata Foirnithe Sábháilte.
- Chuir Céim 2 den Chreat um Sholáthar Foirne Sábháilte, ata dírithe ar shuíomhanna cúraim éigeandála, earcaíocht chuig na láithreáin phíolótacha i gcrích. Earcaíodh 45.5 CL san iomlán chuig na suíomhanna píolótacha. Cuireadh an chéad athrú iar-earcaíochta i gcrích in 2020 agus tá an dara ceann fós ar siúl agus áireofar leis roinnt de thionchair COVID-19.
- Cuireadh tús le Céim 3 den Chreat Foirnithe Sábháilte, atá dírithe ar shuíomhanna cúraim chónaitheacha fadtéarmacha, agus bronnadh €1m ar an bhfoireann taighde chun tacú leis an Tascfhórsa Náisiúnta. Thiomsaigh an fhoireann taighde an t-athbhreithniú fianaise ar an litríocht idirnáisiúnta atá ar fáil maidir le measúnú ar leibhéal chuí foirne sa suíomh cúraim chónaithe.

SEIRBHÍS SLÁINTE AGUS CÚRAM SÓISIALTA NÍOS FREAGRÚIL, NÍOS COMHTHÁITE AGUS DÍRITHE AR AN DUINE A CHRUTHÚ

Tá an Roinn tiomanta do dhaoine a choinneáil folláin sa bhaile, nó gar don bhaile, trí chúram príomhúil agus cúram sóisialta atá ar fáil sa phobal a leathnú agus a mhéadú, laistigh de shamhail chomhtháite cúraim ar fud na suíomhanna go léir.

CÚRAM PRÍOMHÚIL

- Tháinig naoi nlonad Cúraim Phríomhúil nua i bhfeidhm, rud a chiallaíonn go raibh 138 ar an iomlán faoi dheireadh 2020.
- Fuarthas €150m in airgead forbartha nua chun clár Cúraim Pobail Bhreithe a mhaoiniú in 2021, lena n-áirítear forbairt Líonraí Sláinte Pobail agus sainfhoirne pobail do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd a bhfuil galar ainsealach orthu.
- Fógraíodh €25m de mhaoiniú breise chun Rochtain Struchtúrtha DT ar Dhiagnóisic a fhorbairt.
- Achtaíodh an tAcht Sláinte (An tAcht Sláinte (Seirbhís Lia-Chleachtóirí Ginearálta agus Critéir Incháilitheachta a Athrú), 2020, an 02 Lúnasa 2020 a rinne foráil d'ardú ar na teorainneacha ioncaim seachtainiúla comhlán um chártaí leighis do dhaoine 70 bliain d'aois agus níos sine ó 01 Samhain 2020. Cruthaíonn an tAcht an creat dlíthiúil freisin le haghaidh leathnú céimnithe ar chúram DT gan táillí do leanaí suas go dtí 12 bliana d'aois, faoi réir dáta tosaithe oiriúnach.
- Foilsíodh Tuarascáil deiridh Ghrúpa Comhairleach Cliniciúil an FSS (CAG), a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht do chártaí leighis i gcásanna tinnis fhoirceanta, i mí na Samhna 2020. Tá clár oibre cuimsitheach á leanúint chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí thuarascáil CAG, i.e. lena n-áirítear creat reachtach a fhorbairt chun incháilitheacht do dhaoine a bhfuil tinneas foirceanta orthu a leathnú. I mí na Nollag 2020 d'fhaomh an Rialtas cur i bhfeidhm Scéime Cúraim Sláinte Pleanáilte i dTuaisceart Éireann chun a chinntiú gur féidir le daoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát leanúint de rochtain a fháil ar chúram sláinte ó sholáthraithe príobháideacha i dTuaisceart Éireann agus go bhfaighidh FSS cúiteamh as an gcúram sin tar éis dheireadh Idirthréimhse Brexit (31 Nollaig 2020).
- Cuireadh idirbheartaíocht i gcrích maidir le MT um Cúram Sláinte sa Chomhlimistéar Taistil leis an RA chun cúram sláinte cómhálartach a choinneáil do chónaitheoirí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe i gcás Brexit gan aon chomhaontú faoi dheireadh 2020.
- Dréachtaíodh reachtaíocht phríomha le haghaidh omnibus an Rialtais maidir leis an Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Chruthaigh forálacha sláinte an Achta seo bonn reachtach don MT um Chúram Sláinte sa CTA agus, i gcás Brexit gan aon chomhaontú, ta foráil déanta freisin do scéim chun na costais chúram sláinte riachtanacha a aisíoc do chónaitheoirí áirithe i dTuaisceart Éireann le linn dóibh a bheith ag fanacht go sealadach i mBallstát de chuid an AE. Ullmhaíodh agus dréachtaíodh reachtaíocht thánaisteach maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sláinte faoin Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

CÚRAM SÓISIALTA

- Fuarthas méadú gan fasach de bheagnach €400m ar mhaoiniú do Sheirbhísí do Dhaoine Scothaosta le linn phróiseas na Meastachán, lena n-áirítear maoiniú do 5 mhiliún uair breise tacaíochta baile.
- Rinneadh dul chun cinn ar leasú ar an Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais d'fheirmeoirí agus d'úinéirí gnóthas beag.
- Tacaíodh le cur i bhfeidhm leanúnach an ráitis bheartais um *Roghanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta*.
- Cuireadh forbairt an bheartais náisiúnta nua um chosaint aosach san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta chun cinn, lena n-áirítear foilsíú aiseolais ó pháirtithe leasmhara, taighde grúpa fócais d'úsáideoirí seirbhíse coimisiúnaithe tugtha chun críche agus athbhreithniú ar fhianaise idirnáisiúnta coimisiúnaithe tugtha chun críche.
- Coimisiúnaíodh athbhreithniú fianaise idirnáisiúnta ar '*bhandaí cúraim a nascadh le leithdháileadh acmhainní do thacaíocht baile agus cúram cónaitheach fadtéarmach*' ón HRB.
- Cuireadh tús le tionscadal céimnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála a rialaíonn ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta, lena n-áirítear bunú Grúpa Tionscadail Déthaobhach, chun feabhsuithe eatramhacha reachtaíochta a mheas.
- Rinne an Roinn maoirsiú ar dhul chun cinn leanúnach FSS in 2020 maidir le sainseirbhísí míchumais.
- D'aistrigh thart ar 126 duine ó shuíomhanna comhchónaithe míchumais go dtí cónaí sa phobal.
- Ó Mheán Fómhair ar aghaidh, thosaigh os cionn 1,300 fágálaí scoile lena seirbhís lae nua.
- Seachadadh 1.78 milliún uair an chloig de Cúnamh Pearsanta in 2020 do 2,552 duine, méadú 6.7% ar an sprioc sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP).
- 3.1m Seachadadh uaireanta tacaíochta baile do 7,130 duine faoi mhíchumas.
- Leanadh le dul chun cinn ar thionscadal tástála píolótach um Buiséid Phearsanaithe.
- Coimisiúnaíodh an HRB chun fianaise idirnáisiúnta achomair a sholáthar ar bheartais um chúram maolaitheach san Astráil, sa Nua-Shéalainn, in Albain agus san Ísiltír chun tacú leis an Nuashonrú ar Chúram Maolaitheach.
- Lean Aonad Dlí na Roinne i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an athbhreithniú na hEarnála maidir le hInbhuanaitheacht Airgeadais agus Rialachas Corparáideach.
- Leanadh leis an maoirseacht ar sholáthar seirbhísí cónaithe míchumais agus cuireadh nuashonruithe tráthúla agus rialta ar fáil d'Airí ar sholáthraithe míchumais a bhfuil dúshlán airgeadais agus rialachais chorparáidigh ag dul i bhfeidhm orthu.
- Ó Mheán Fómhair i leith, thosaigh 1,300 fágálaí scoile lena seirbhís lae nua

MEABHAIRSHLÁINTE

- Seoladh *Comhroinnt na Físe - Beartas Meabhairshláinte do Chách*, beartas meabhairshláinte 10 mbliana an 17 Meitheamh 2020. Bunaíodh Coiste Monatóireachta Forfheidhmithe Náisiúnta chun cur i bhfeidhm an bheartais a stiúradh.
- Tugadh méadú €50m don bhuiséad meabhairshláinte náisiúnta do 2021, le hiomlán breis agus €1.1 billiún ann anois.
- Cuireadh síneadh ama 4 bliana le *Connecting for Life: an Straitéis Náisiúnta chun Féinmharú a Laghdú* go dtí 2024 agus cur i bhfeidhm nuashonraithe go dtí 2022 aige, é foilsithe ag Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc i mí na Nollag.
- Cuireadh an t-athbhreithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte chun cinn.

- Achtaíodh an tAcht um an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar (Athshuíomh) 2020 i mí na Nollag 2020 chun ligean don CMH athlonnú go Port Reachrann in 2021.
- D'oscail Jigsaw a 13ú suíomh i mBré, Cill Mhantáin i mí na Nollag 2020.

SLÁINTECARE

- Tá teachtaireacht láidir faoin tábhacht a bhaineann le cosc léirithe trí obair Éire Shláintiúil agus rolladh amach an fheachtais Athléimneachta *Coinnigh Folláin*.
- Rinneadh beart comhfhiosach i dtreo cúram níos comhtháite a chur i bhfeidhm, ag cur acmhainní ar fáil do níos mó líonraí cúraim, trí líonraí cúram sláinte pobail a bhunú, chomh maith le moil bhainistíochta um dhaoine scothaosta agus um ghalair ainsealacha.
- Tá an sprioc maidir le daoine a choinneáil amach as ospidéal a oiread agus is féidir curtha chun cinn ag Sláintecare trí chomhaontú le Dochtúirí Teaghlaigh go soláthróidh siad Clár Náisiúnta Bainistíochta um Ghalair Ainsealacha. Cabhróidh sé seo le daoine a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu fanacht folláin, an t-ospidéal a sheachaint agus tuilleadh cúraim a fháil sa phobal.
- Ba léiriú iad cur i bhfeidhm na rochtana teileasláinte ar sheirbhísí DY le haghaidh comharthaí COVID-19, comhtháthú seirbhísí ar fud an ghéarmhíochaine agus an phobail, an fócas ar an oiread cúraim agus is féidir a chur ar fáil sa phobal agus rolladh amach tapa réiteach ríomhshláinte, mar shampla, ar méid is féidir a bhaint amach nuair a d'oibrigh na páirtithe leasmhara go léir sa chóras sláinte agus cúraim shóisialta le chéile chun dul i ngleic leis na dúshlán a bhí le sárú de bharr na paindéime. Tháinig méadú ollmhór ar rochtain teileasláinte ar sheirbhísí DT, rud a ligeann do dhaoine labhairt lena ndochtúir ar an bhfón nó le físchomhdháil i bhfad níos éasca.
- In 2020, rolladh réitigh ríomhshláinte amach go tapa – ó sheachadadh tapa oidis go cógaslanna, go coinní ar nós seisiún fisiteiripe nó clár aclaíochta ar líne.
- Tríd an gCiste Lanpháirtíochta Sláintecare a bhfuil luach €20mair, tá Sláintecare ag maoiniú breis is 100 tionscadal nuálaíochta ar fud na tíre – faoi stiúir comhpháirtithe amhail ospidéal, grúpaí ospidéal, eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí neamhrialtais, Ionaid Chúraim Phríomhúil, ollscoileanna – atá ag obair chun cúram comhtháite a fheabhsú agus chun cúram a aistriú, don phobal nuair is cuí. Léirigh na tionscadail seo slí nua chun cúram a sholáthar.

ROCHTAIN AR CHÚRAM SLÁINTE A DHÉANAMH NÍOS COTHROIME AGUS NÍOS SCIOBTHA

Tá an Roinn tiomanta do phrionsabal na sláinte agus an chúram shóisialta atá bunaithe ar riachtanas agus ní ar chumas íoctha. Tá sé seo bunaithe ar chur chuige uilechórais chun tacú le torthaí sláinte níos fearr a bhaint amach trí chúram ceart a sholáthar san áit cheart ag an am ceart, ag tabhairt aghaidh ar neamhionannais bhunúsacha sláinte. Tá gnóthachtálacha 2020 faoin gcuspóir seo leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

The Department is committed to the principle of health and social care based on need and not on ability to pay. This is based on a whole of system approach to support better health outcomes through the right care delivered in the right place at the right time, addressing fundamental health inequalities. The 2020 achievements under this objective are outlined under the following headings:

CÚRAM SCEIDEALTA/NEAMHSCEIDEALTA

- Rinne an Roinn maoirsiú ar chur i gcrích agus ar chur i bhfeidhm Phlean Geimhridh 2019/20 FSS agus ar fhorbairt Phlean Geimhridh 2020/21 FSS a raibh luach €600m air.
- D'oibrigh an Roinn leis an FSS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na Rannóg Éigeandála, ag cinntiú go raibh cúram éigeandála ar fáil dóibh siúd a raibh sé ag teastáil uathu le linn na paindéime.
- Rinne an Roinn maoirsiú ar fhorbairt phlean Rochtana ar Chúram 2020, ina leagadh síos spriocanna gníomhaíochta don FSS agus don Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF), leis an bpríomhaidhm feabhas a chur ar amanna feithimh do chúram sceidealaithe.
- Mar thoradh ar chur i bhfeidhm bealaí mionathraithe chuig cúram agus trí mhodhanna nuálaíochta a úsáid chun cúram sceidealaithe a sholáthar, rinneadh an treocht fáis ar liosta feithimh na nOthar Cónaitheach/Cás Lae a chur ina cheart agus thit an líon a bhí ag feitheamh le coinne/gnáthamh ospidéal faoi 17% ó mhí na Bealtaine go dtí mó na Nollag 2020.

AN TSEIRBHÍS NÁISIÚNTA OTHARCHARRANNA

Le tacaíocht ó leithdháileadh maoinithe €1m in NSP 2020, lean an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna ag tógáil acmhainne agus ag cur feabhsuithe seirbhíse i bhfeidhm de réir an phlean athchóirithe straitéisigh, *Fís 2020*. Áiríodh ar na príomhghnóthachtálacha a baineadh amach:

- Leithdháileadh acmhainní tacaíochta cliniciúla agus speisialtóra i Mol Cliniciúil an Lárionaid Náisiúnta um Oibríochtaí Éigeandála (NEOC), a éascaíonn úsáid mhéadaithe de bhealaí cúraim mhalartacha agus seachaint ospidéal.
- Úsáid níos forleithne bainte as tionscnaimh phobail agus seirbhísí “féach agus cóireáil”, ina mbíonn foirne otharchairr ag freagairt glaonna 999 agus, nuair is cuí, ag cur cóir leighis ar na hothair ag an láthair seachas iad a iompar chuig rannóga éigeandála ospidéal.
- Tuilleadh forbartha ar sheirbhísí cúraim chriticiúil agus téarnaimh, ag tacú le rolladh amach tionscnamh straitéiseach náisiúnta, lena n-áirítear tráma agus cúram criticiúil.

STRAITÉIS MÁITHREACHAIS

Leanadh ar aghaidh leis an Straitéis Máithreachais a chur i bhfeidhm, ag díriú ar leathnú leanúnach an chonair chúraim tacaíthe ar fud na seirbhísí máithreachais.

- Tugadh maoiniú 12 Ardchleachtóir Cnáimhseachais (AMP) breise chun tacú le rolladh amach breise an Mhúnla Chúraim, ag cinntiú go bhfuil ar a laghad AMP amháin ag gach ceann de na 19 seirbhís mháithreachais.
- Rinneadh an chéad Suirbhé ar Eispéireas Máithreachais riamh in Éirinn agus foilsíodh é in 2020 agus bhí na torthaí an-dearfach ar an iomlán agus Pleananna Feabhsúcháin Cáilíochta forbartha ag gach ospidéal.
- Chun rochtain ar sheirbhísí gíniceolaíochta a fheabhsú, d'fhorbair Clár Náisiúnta Sláinte na mBan agus na Naíonán an FSS Samhail Chúraim um Ghíniceolaíocht Shiúlach a dhírigh ar chlinicí ilfhreastail “féach agus cóireáil”. Cuireadh tús le rolladh amach Chéim a hAon den tSamhail Chúraim nua le linn 2020, nuair a bunaíodh na chéad trí chlinic i mBaile Átha Cliath (Rotunda), i gCorcaigh agus i nGaillimh.
- Chuir maoiniú de €2m in 2020 ar ár gcumas Céim a hAon de rolladh amach na Samhail Chúraim le haghaidh Neamhthorthúlachta a thosú, le bunú ceithre Mhol Torthúlachta Réigiúnacha ag Ospidéal Ollscoile Máithreachais Chorcaí, Ospidéal an Rotunda, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais agus Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin.

SEIRBHÍSÍ AILSE

Baineadh gnóthachtálacha suntasacha amach do Sheirbhísí Ailse le linn 2020:

- Chuir Ionad Ailse an Iarthuaiscirt in Ospidéal Alt na nGealbhan, Doire cóireáil ar 200 othar ó Phoblacht na hÉireann in 2020.
- Bhí rannpháirtíocht leanúnach ann le linn 2020 leis an AE/Comhpháirtíocht Nuálaíochta um Ghníomhaíocht in Aghaidh na hAilse.
- Cuireadh próiseas athbhreithnithe Atreoraithe Dochtúra Teaglaigh do Chlinicí Siomptómacha Cíche i bhfeidhm in 2020, chun oiriúnacht na n-atreoruithe chuig clinicí a mhéadú.
- Tháinig an Coiste Comhairleach um Othair Ailse, a bunaíodh i gcomhréir le Moladh 39 den Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026, le chéile ceithre huair in 2020. Cuireann an Coiste ionchur othar ar fáil maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus i bhforbairt clár d'othair ailse. Breithníonn an Coiste freisin conas is féidir ionchur othar i seirbhísí ailse a éascú ar bhonn níos leithne de réir chuspóirí na Straitéise Náisiúnta Ailse.
- Seoladh dhá Threoirlíne Chliniciúla Náisiúnta nua chun cabhrú le gairmithe cúram sláinte le diagnóis, céimniú agus cóireáil othar a bhfuil ailse drólainne orthu; agus diagnóis, céimniú agus cóireáil othar a bhfuil ailse reicteach orthu. D'fhorbair grúpaí ildisciplíneacha na treoirlínte le tacaíocht ó Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse FSS (NCCP).
- In 2020, cuireadh i gcrích an t-aistriú iomlán chuig an tsaoráid nua oinceolaíochta radaíochta in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh.
- Chomhoibrigh an NCCP leis an earnáil dheonach chun feachtais feasachta poiblí ailse scamhóg a reáchtáil i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna 2020 agus leanann sé ag obair le heagraíochtaí pobail chun feasacht ailse a fhorbairt agus a chur chun cinn i bpobail áitiúla.
- Cuireadh i gcrích Múnla Chúraim don tsíocoinceolaíocht i Meán Fómhair 2020.

DEONÚ ORGÁN AGUS TRASPHLANDÚ

Tugadh maoiniú €0.283m do Dheonú Orgán FSS agus do Thrasphlandú Éireann (ODTI) chun poist a earcú do sheirbhísí trasphlandaithe, lena n-áirítear seirbhís tiomnaithe aisghabhála orgán. Cuireadh maoiniú breise €0.213m ar fáil don ODTI chun trealamh trasphlandaithe a cheannach. Tá buntáistí iomadúla ag an trealamh trasphlandaithe d'othair agus cuirfidh sé go dearfach leis an tseirbhís sláinte foriomlán – lena n-áirítear laghdú suntasach ar an am measúnaithe do dheontóir ionchasach, agus ar an gcaoi sin déantar leapacha ICU a shaoradh d'othair atá go dona tinn.

SÁBHÁILTEACHT OTHAR

D'oibrigh an Roinn Sláinte chun an clár oibre um éifeachtacht chliniciúil a chur chun cinn agus lean sí le tacaíocht a thabhairt do chúram fianaisebhunaithe trí chúig Threoirlíne Chliniciúla Náisiúnta do na seirbhísí cúram sláinte a chur i gcrích agus a fhoilsiú:

- An Roinn Sláinte (2020). Córas Réamhrabhadh Náisiúnta na hÉireann V2 (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC Uimh. 1).
- An Roinn Sláinte (2020). Scagadh cothaithe agus tacaíocht cothaithe béil a úsáid le dhaoine fásta sa suíomh géarchúraim. (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC Uimh. 22).
- An Roinn Sláinte (2020). Srathú riosca cliniciúil le linn toirchis (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC Uimh. 23).
- An Roinn Sláinte (2020). Diagnóis, céimniú agus cóireáil othar a bhfuil ailse drólainne orthu (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC Uimh. 24).
- An Roinn Sláinte (2020). Diagnóis, céimniú agus cóireáil othar a bhfuil ailse reicteach orthu (Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta NCEC Uimh. 25).
- Leanadh ar aghaidh le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann ar Fhrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach 2017 – 2020 a chur i bhfeidhm, agus béim ar leith ar chosc agus ar rialú ionfhabhtuithé.
- Cuireadh an 6ú Tuarascáil Bhliantúil den Chóras Tuairiscithe Náisiúnta um Cháilíocht Cúraim Sláinte (2020) i gcrích.
- Rinne an Clár Eispéireas Cúraim Náisiúnta, tionscnamh tríphárteach de chuid na Roinne, FSS agus HIQA chun eispéiris othar thaifead d'fhonn cúram a fheabhsú, an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Máithreachais in Éirinn a réachtáil.
- Chuir an tSeirbhís Abhcóideachta Othar (PAS), arna choimisiúnú ag an Roinn Sláinte, tús lena chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí, ag déanamh abhcóideachta agus ag tabhairt tacaíochta neamhspleách dóibh siúd ar mhian leo gearán a dhéanamh faoin gcúram agus faoin gcóireáil a fuair siad in ospidéal phoiblí. Ag teacht leis an ngealltanais i gClár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile, thosaigh PAS freisin ar shainchúram a seirbhísí a leathnú sa phobail.
- Thionóil an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar a céad cruinnithe agus rinne siad agus chríochnaigh siad obair ar Mholtaí na Comhairle don Aire Sláinte maidir le Creat Beartais Náisiúnta um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn.

MAOIRSEACTH AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT SAN EARNÁIL A FHEABHSÚ

Cinntíonn an Roinn Sláinte go bhfuil próisis, struchtúir rialachais agus creataí rialála i bhfeidhm san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta, rud a chiallaíonn go bhfuil maoirseacht éifeachtach déanta uirthi. Oibríonn an Roinn i gcomhpháirtíocht le FSS, agus lenár ngníomhaireachtaí go léir chun príomhstraitéisí agus athchóirithe a bhaint amach, lena n-áirítear trí mhonatóireacht agus bainistíocht feidhmíochta láidir, ag díriú ar rialú airgeadais agus ar thorthaí.

RIALACHAS AGUS FEIDHMÍOCHT

- Tugadh múnla Rannpháirtíochta na Roinne Sláinte/FSS chun críche agus é comhaontaithe ag an Roinn agus FSS i mí Feabhra 2020.
- Mar chuid den mhúnla sin, tháinig samhail rannpháirtíochta feidhmíochta na Roinne Sláinte/FSS i bhfeidhm go hiomlán i mí an Mhárta 2020. Cuireadh isteach ar a oibríocht go luath i bpaindéim COVID-19, áfach, in ainneoin na ndúshlán leanúnach áfach cuireadh ar bun arís é agus cuireadh an tsamhail rannpháirtíochta i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Iúil 2020 i leith.
- Tharla rannpháirtíocht le FSS ar phríomhréimsí pleanála:
 - Forbairt Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2021
 - Forbairt Phlean Corparáideach FSS 2021 -2024
 - Tuarascáil Bhliantúil FSS 2019
- Cuireadh Tuarascáil Deiridh an Ghrúpa Saineolaithe ar Athchóiriú Tort agus bainistiú éileamh as faillí chliniciúil faoi bhráid an Rialtais agus foilsíodh í i mí na Nollag 2020, in éineacht le gach páipéar agus aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Ghrúpa.
- Leanadh le híocaíochtaí a dhéanamh le cúigear ban agus lena 12 chomhairleoir dlí faoin scéim ex-gratia neamhnocht CervicalCheck agus cuireadh Tuarascáil an Phainéil Mheasúnaithe Neamhspleách a bhaineann leis an scéim seo faoi bhráid an Aire i mí Iúil 2020.
- Thángthas ar réiteach i gcásanna de chuid na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le Shiomfiseatóime.
- Rinneadh 23 íocaíocht i ndáil le diúltaithe MDU lena n-áirítear costais socraíochta, bille costas gearánaí, bille costas an chosantóra agus táillí dlíthiúla cuntasáíochta costála.
- Cuireadh an obair ar fheistiú spás oiriúnach don Bhinse CervicalCheck i gcrích, é tosaithe in 2019, ag tús mhí an Mhárta 2020. Feistíodh an spás go sonrach chun freastal ar riachtanais an Bhinse, chun éascú a dhéanamh dó éilimh a éisteacht agus a chinneadh ar bhealach tráthúil agus íogair.
- Ag teacht leis na bearta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm um an tráth sin chun ráig COVID-19 a smachtú, socraíodh moill a chur ar bhunú an Bhinse. Bunaíodh an Binse go foirmiúil an 27 Deireadh Fómhair 2020 agus tar éis 'sosa' gairid chun deis a cghruthú chun plé leis an nGrúpa Ionadaithe Othair 221+ duine, tugadh bunú an Bhinse chun críche nuair a cheap an tAire na comhaltaí ainmnithe, le héifeacht ó 01 Nollaig 2020.
- Rinneadh thart ar 145 ceapachán ar Bhoird Stáit atá faoi choimirce na Roinne.
- Cuireadh Tuarascáil i gcrích maidir le comhlíonadh an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit ag 19 gcomhlacht faoinár gcoimirce.
- Reáchtáladh trí cheardlann um Rialachas Gníomhaireachta d'fhoireann na Roinne, a mhéadaigh ar chumas rialachais agus maoirseachta.

PLEANÁIL STRAITÉISEACH FÓRSA SAOTHAIR

- Bhí idirchaidreamh ag an Roinn le comhghleacaithe san FSS, sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), agus le hInstitiúidí Ardoideachais maidir le háiteanna breise CAO do mhic léinn ar chúrsaí bainteach le sláinte sa bhliain acadúil 2020/2021. Ar an iomlán bhí níos mó ná 330 áit bhreise CAO ar fáil ar chúrsaí sláinte do mhic léinn lena n-áirítear 153 áit bhreise san altranas agus sa chnámhseachas.
- Forbraíodh togra le haghaidh Straitéis Pleanála Fórsa Saothair Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Samhail Tuartha Pleanála Fórsa Saothair agus lorgaíodh tacaíocht faoi Ionstraim Tacaíochta Teicniúla an AE 2021 chun an tionscadal a fhorbairt. D'éirigh leis an togra, agus tá an Roinn ag obair faoi láthair le hArd-Stiúrthóireacht Athchóirithe an Choimisiúin Eorpaigh chun an tionscadal agus na príomh-spriocanna insólathartha a scoipeáil mar chuid den tionscadal chun go mbeidh an lucht saothair Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in ann réamh-mheastacháin éilimh agus soláthair a phleanáil as seo amach.
- Fuarthas maoiniú le haghaidh méadú suntasach ar fhórsa saothair na hearnála sláinte i mBuiséad 21. Maoiníodh 16,000 post breise ar fud gach céime agus gach réimse seirbhíse. Cuirfidh an méadú seo ar an bhfórsa saothair ar chumas an chórais cúraim sláinte leanúint ar aghaidh ag freastal ar éilimh na paidéime agus a chinntiú go mbeidh acmhainní aige chun freastal ar riachtanais chúram sláinte na tíre.
- Cuireadh i gcrích Scálaí Tuarastail Comhdhlúite na Roinne Sláinte do 1.1.2020 agus 1.10.2020.
- Thug an Roinn tacaíocht agus treoir don FSS agus do na NCSAanna maidir le cur i bhfeidhm beartas pinsin i gcomhthéacs leachtú FEMPI.
- Cuireadh Comhaontú Altranais 2019 i bhfeidhm go leanúnach, lena n-áirítear:
 - Tosú feidhme an tSainchomhlachta Athbhreithnithe ar Altranas agus Cnámhseachas i mí Iúil 2020;
 - Ceapachán breis agus 16,000 altra agus cnámhseach incháilithe don Chonradh Altra Breisithe le linn 2020.
- Ghlac an Roinn páirt sna cainteanna Pá stiúradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun a chinntiú go bhféadfaí tosaíochtaí na hEarnála Sláinte a bhaint amach trí Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2021-2022 ("Móiminteam a Thógáil").
- Shínigh an tUachtarán an tAcht um Ghairmithe Rialaithe (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú) 2020 ina dhlí an 14 Deireadh Fómhair 2020. Leasaíonn an tAcht na cúig Acht um Rialáil Sláinte (Acht na bhFioclóirí 1985, an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005, an tAcht Cógaisíochta 2007, Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, agus Acht na nAltraí agus na gCnámhseach 2011) agus tugann sé isteach feabhsuithe tábhachtacha ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na hAchtanna sin go háirithe maidir le clárú agus le hoiriúnacht chun cleachtadh.
- Phróiseáil an Roinn 43 iarratas casta ar aitheantas cáilíochtaí eachtracha in 2020 de réir na bhfrámaí ama dúshlánacha a fhorchuirtear leis an Treoir um Cháilíochtaí.
- Bhain CORU, an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh sprioc thábhachtach amach in 2020, tar éis di líon na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta ar a cláir a mhéadú go breis agus 20,000. Tharla ciontú suntasach mar thoradh ar imscrúdú CORU ar úsáid mhíchuí teidil chosanta; ag cinntiú go bhfuil an pobal cosanta trí na daoine neamhrialaithe seo a chosc ó chleachtadh.
- Lean CORU de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh in 2020 i dtreo na ngairmeacha ainmnithe go léir a rialáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn an dá mhí dhéag roimhe sin maidir leis an ngairm Oibrí Cúraim Shóisialaigh a ullmhú le haghaidh rialúcháin nuair a cuireadh tús le meastóireacht agus le faomhadh na gclár oideachais ábhartha. Rinne Bord Clárúcháin na

Síceolaithe dul chun cinn suntasach freisin i dtreo an ghairm chasta sin a rialú. Áiríodh leis seo teagmháil dhíreach le hoideachasóirí na gairme agus trí chomhairliúchán poiblí a oscailt. Tá céimeanna suntasacha glactha ag an mBord Clárúcháin Coslianna freisin chun a chlár a oscailt agus tá pleananna i bhfeidhm chun an clár a oscailt an 31 Márta 2021..

- Thionóil an Coiste Comhairleach Náisiúnta Scagthástála (NSAC) trí chruinniú in 2020 (dhá cheann ar líne) agus rinne dhá mholadh don Aire Sláinte:
- Cuireadh ADA -SCID (Uireasa Adenosine Deaminase - Uireasa Imdhíonachta Comhcheangailte Trom) le liosta na riocht a ndearnadh scagthástáil orthu mar chuid den Chlár Náisiúnta Scagthástála Spota Fola Nuabheirthe. Déanfar scagthástáil anois le haghaidh naoi gcoinníoll faoin gClár seo nuair a chuirfidh FSS i bhfeidhm é.
- Athraíodh an Diaibéitis RetinaScreen - an Clár Náisiúnta Scagthástála Reitineach Diaibéiteach chun an tréimhse idir scagthástálacha a mhéadú ó bhliain amháin go dhá bhliain do dhaoine a bhfuil diaibéiteas orthu agus atá i mbaol íseal reitineapaite.
- Lean Coiste Stiúrtha CervicalCheck lena chuid oibre faoi Chathaoirleach nua - an tOllamh Anne Scott (ceaptha i mí Dheireadh Fómhair 2020) - agus réachtáladh chéad chruinniú i mí Eanáir 2021.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm na moltaí i bhFiosrúchán Scópála an Dr Scally ar an gClár Scagthástála CervicalCheck, agus i gcur chun ghníomhartha an Phlean Forfheidhmithe atá críochnaithe. Faoi dheireadh 2020, bhí 148 as 170 gníomh curtha i gcrích, agus 22 gníomh fágtha.
- Rinne an Clár Scagthástála CervicalCheck an t-aistriú teicniúil go scagthástáil ceirbheacs HPV an 30 Márta 2020. Ciallaíonn an t-aistriú go scagthástáil ceirbheacs HPV gur ball í Éire de grúpa beag tíorth a úsáideann an tástáil dhea chleachtas chun a ndaonraí a scagadh le haghaidh ailse cheirbheacsach. Ciallaíonn an mhodheolaíocht fheabhsaithe tástála seo, mar aon le rolladh amach leanúnach na vacsaínithe HPV, gur féidir le hÉirinn a bheith ag tnúth le laghdú suntasach ar mhinicíocht cásanna ailse ceirbheacs thar na 10-20 bliain amach romhainn.
- D'fhorbair an Roinn treoircháipéis chun cabhrú le treoir fhadtéarmach do chónaitheoirí maidir le coigeartuithe foirnithe le linn paindéime. Tá sé mar aidhm ag an Treoircháipéis seo tacú le Saoráidí Cúraim Chónaithe Fadtéarmaigh (LTRCF) do dhaoine scothaosta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar riachtanais foirnithe d'altraí agus do chúntóirí cúram sláinte mar chuid d'ullmhacht COVID-19. Tá pleananna ullmhachta molta sna Bearta Sláinte Poiblí Breisithe eisithe ag NPHET maidir le Galar COVID-19 a Bhainistiú.
- Thacaigh an Roinn le Tuarascáil Collin maidir leis an Athbhreithniú Gearrthéarmach ar liúntais altraí agus cnáimhseoirí faoi oiliúint. Cuireadh an tuarascáil seo faoi bhráid an Aire an 31 Nollaig 2020.
- Ba í 2020 Bliain an Altra agus na Cnáimhseach de chuid EDS. Bhí an Roinn páirteach agus réachtáil sí comhdháil fhíorúil ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020 inar cláraíodh 407 altra agus cnáimhseach don seimineár gréasáin trí Eventbrite. Ar an lá, ar an meán bhí thart ar 270 - 280 logáilte isteach le linn na hócáide.

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS - SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACTH BIA

- Réachtáladh an chéad chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar Shláinte agus Shábháilteacht Bhia tar éis athbhunú Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann i mí Eanáir 2020 trí fhíschomhdháil an 2 Deireadh Fómhair 2020. D'fhreastail an tAire Donnelly ar an gcruinniú seo le hAire Sláinte Thuaisceart Éireann agus Aire Sóisearach .

- I measc na n-ábhar a pléadh bhí an fhreagairt ar COVID-19, impleachtaí tharraingt siar na RA ón AE, comhoibriú san earnáil sláinte ó 2016, cosaint leanaí agus obair an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia.

BREXIT

- I rith 2020, d'oibrigh an Roinn Sláinte go dlúth le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla a d'eascair as tarraingt siar na RA ón AE agus idirbheartaíocht ar an gcaidreamh AE-RA amach anseo.
- Mar aitheantas ar na rioscaí suntasacha don earnáil sláinte na hÉireann mar gheall ar Brexit, rinne an Roinn an obair ullmhachta Brexit go léir bunaithe ar dhá chás: idirbheartaíocht rathúil ar Chomhaontú Saorthrádála teoranta idir an AE agus an RA nó Brexit 'crua' leis an AE. agus an RA ag trádáil ar théarmaí an WTO. Bhí sé mar aidhm ag pleanáil na Roinne cosaint na sláinte poiblí, leanúnachas i soláthar seirbhísí sláinte agus cothabháil na seirbhísí reatha a chinntiú i ngach cás.
- Bhunaigh an Roinn, le tacaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) agus ó ghníomhaireachtaí eile, struchtúir thiomanta chun na himpleachtaí a bhainfeadh le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón gComhairle AE a mheas agus obair ullmhachta Brexit san earnáil sláinte a chomhordú.
- D'infheistigh an Roinn maoiniú suntasach ina pleanáil theagmhasach Brexit in 2020 chun foireann agus acmhainní breise a fháil don earnáil sláinte, lena n-áirítear i Seirbhís Sláinte Comhshaoil FSS.
- Cuireadh idirbheartaíocht i gcrích i mí na Nollag 2020 maidir le MT Cúram Sláinte sa Chomhlíonmáireacht Taistil (CTA) leis an RA chun cúram sláinte cómhálartach a choinneáil do chónaitheoirí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe i gcás Brexit gan aon chomhaontú.
- D'fháiltigh an Roinn roimh thabhairt chun críche Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an AE agus an RA i mí na Nollag 2020, a chruthaigh creat le haghaidh comhar leantach leis an RA i raon réimsí sláinte.

SLÁINTE NA MBAN

- I In 2020, lean Tascfhórsaí Sláinte na mBan lena gcuid oibre chun torthaí sláinte na mban agus eispéiris ar chúram sláinte a fheabhsú. I measc na ngnóthachtálacha in 2020 bhí tús a chur le cleachtadh éisteachta radacach, forbairt moltaí don chéad shraith de thosaíochtaí an Tascfhórsa agus 'Ciste Tiomnaithe um Shláinte na mBan' €5 mhilliún faighte trí Bhuiséad 2021 chun clár gníomhaíochtaí a eascróidh as obair Thascfhórsa Sláinte na mBan a chur chun cinn. Is féidir eolas breise a fháil ag <https://www.gov.ie/ga/campaigns/-womens-health/>.

FORBAIRT BEARTAIS

- Ag tacú le dea-chleachtais agus le rialachas beartais, is fóram é an Coiste Beartais a éascaíonn athbhreithniú oibiachtúil ar mholtaí beartais agus a thugann piarthacaíocht d'fhorbairt agus do thabhairt chun críche beartais. Tionóladh seacht gcruinniú san iomlán in 2020.
- Tá an Roinn Sláinte tiomanta do chomhoibriú agus do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ag gach céim d'fhorbairt beartais. Tá Líonra Éascaitheoirí Ceardlainne ann a chuimsíonn 38 ball foirne ó ar fud na Roinne agus iad oile i mbainistiú na rannpháirtíochtaí sin. In 2020, d'éascaigh an Líonra 26 imeacht.
- Chuir an Roinn Sláinte foireann tionscadail tras-rannóige le chéile in 2019 chun tuarascáil mheasúnaithe a ullmhú ar na tairbhí agus na rioscaí féideartha bainteach le teicneolaíochtaí IS

& Róbataic atá ag teacht chun cinn laistigh den earnáil sláinte. Cuireadh an tuarascáil seo a]i gcrích in 2020 agus tá moltaí inti maidir fás sa réimse seo a chumasú amach anseo.

BONNEAGAR CAIPITIL/MÓRTHIONSCADAIL CHAIPITIL

- In 2020, rinne an Roinn athbhreithniú ar chur chuige na Roinne maidir le cur i bhfeidhm agus comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí (PSC) do thionscadail san earnáil sláinte. Chuaigh an Roinn i gcomhairle le comhghleacaithe de chuid Sheirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) chun nósanna imeachta CPS na Roinne a fhorbairt.
- Chuaigh an Roinn i gcomhairle le hOifig Infheistíochta Náisiúnta DPER (NIO) maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) lena n-áiríodh obair ar rianaitheoir tionscadail an NDP, agus freastal ar agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe Ghrúpa Comhordaithe Thionscadal Éireann 2040, lena áiríodh measúnú ar thionchar COVID-19 ar an earnáil.
- I mí an Mheithimh 2020, bunaíodh nósanna imeachta inmheánacha nua chun cabhrú leis an Ard-Rúnaí, mar oifigeach cuntasaíochta, ina chuid dualgas maidir le cinntí infheistíochta poiblí, chun comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí (CPS) do thionscadail chaipitil a chinntiú.

EAGRAÍOCHT ATÁ OIRIÚNACH DON TODHCHAÍ A CHRUTHÚ

Oibríonn an Roinn lena chinntiú go bhfuil na cumais, na daoine, an struchtúr agus an cultúr ceart aici chun a misean a chur chun cinn

AD STRAITÉISEACH

- Amhail deireadh 2020, bhí 595 ball foirne (WTE) fostaithe ag an Roinn. Le linn 2020, tháinig 158 ball foirne nua isteach sa Roinn agus d'fhág 87 duine, an chuid is mó ag dul ar scor, ag bogadh go fostaíocht eile nó ag glacadh le sos gairme.
- Rinneadh Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse i Meán Fómhair 2020 agus d'fhreagair 73% den fhoireann an suirbhé. Is fearr an ráta freagartha seo i gcomparáid le ráta foriomlán freagartha na Státseirbhíse 65%. Thar 18 de na 22 téama, tá treocht aníos aimsithe ag an Roinn ó 2015, rud a léiríonn ár dtiomantas maidir le leanúint le dul i ngleic le réimsí forbartha. Is ionann na réimsí forbartha agus na torthaí dearfacha atá sainaitheanta sa tuarascáil dár Roinn agus iad atá sainaitheanta don Státseirbhís i gcoitinne.
- Chuir an tAonad Straitéiseach AD Treoir agus Tacaíocht Promhaidh nuashonraithe i bhfeidhm do bhainisteoirí líne agus don fhoireann chun próiseas comhsheasmhach agus láidir a chothabháil le haghaidh athbhreithnithe feidhmíochta agus aiseolais do bhaill foirne atá ar phromhadh.
- Cé nach bhféadfaí clár vacsaínithe fliú bliantúil na Roinne a dhéanamh ar an láthair mar gheall ar shrianta paindéime, spreagadh an fhoireann an vacsaín a fháil trína ndochtúir teaghlaigh áitiúil nó tríd an gcógaslann. Le linn na paindéime agus fós, tugtar eolas tráthúil don fhoireann chomh maith le rochtain ar raon leathan de thacaíochtaí, d'acmhainní agus de ghníomhaíochtaí folláine.
- Chuir an tAonad Foghlama agus Forbartha sraith modúl r-Fhoghlama ar cianobair agus folláine chun cinn don fhoireann na Roinne.
- Leanann an fhoireann ar aghaidh chun an Teastais i Seirbhísí Sláinte agus an Dioplóma i mBeartas Seirbhísí Sláinte a bhaint amach chomh maith le raon cáilíochtaí teicniúla agus gairmiúla eile.
- Tá an Rialtas tiomanta do sprioc fostaíochta na seirbhíse poiblí um dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú go dtí 6% ar a laghad faoi 2024. Tá an Roinn Sláinte fós chun tosaigh ar an sprioc seo agus 7.17% den fhoireann ag dearbhú míchumais in 2020.
- Chuir an Roinn go gníomhach le freagairt fhoriomlán AD ar thionchar COVID-19 trí rannpháirtíocht i nGrúpa Earnála na Státseirbhíse, a bhfuil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina cathaoirleach air.
- Scaipeadh treoir chuimsitheach dar teideal 'Treoirlínte na Roinne Sláinte maidir le hobair ón mbaile le linn COVID-19' ar gach ball foirne.

TFE

Bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar an mbealach a chuir an Roinn a cuid oibre i gcrích.

- Ar dtús ní raibh ach cianrochtain TFC teoranta ag líon beag foirne. Faoi dheireadh mhí Aibreáin bhí cianrochtain slán ar sheirbhísí TFC curtha ar fáil do gach ball foirne agus d'fhormhór mór na ndaoine a bhí ag obair go cianda
- Tugadh rochtain do gach ball foirne de chuid na Roinne ar ríomhaire glúine criptithe le cianrochtain slán ar a bhonneagar. Chuir an Roinn réiteach Bainistíochta um Ghléasanna Soghluaiste i bhfeidhm freisin. Lig sé seo don Roinn gléasanna agus feidhmchláir a bhainistiú go cianda agus iad a dhaingniú. Ba riachtanas ríthábhachtach é seo tráth a raibh breis agus 85% den fhoireann ag baint úsáid chianda as acmhainní na Roinne.

RÁITEAS STRAITÉISE

- In 2020, thosaigh an Roinn ag obair ar fhorbairt an Ráiteas Straitéise 2021-2023. Leanadh próiseas comhairliúcháin chun fíis, misean agus tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne don tréimhse 3 bliana amach romhainn a leagan amach.
- Bunaíonn an Ráiteas Straitéise 2021-2023 tiomantas na Roinne do chearta an duine agus don chomhionannas, i gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí (Alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014). I measc na ngníomhaíochtaí ata geallta don tréimhse straitéiseach 2021-2023 tá féinmheasúnú, maoirseacht ar chomhlachtaí faoinár gcoimirce, cur i bhfeidhm straitéisí náisiúnta gaolmhara agus tuairisciú ar dhul chun cinn inár dTuarascáil Bhliantúil.

Aguisín 1 Faisnéis Chorparáideach

BORD BAINISTÍOCHTA NA ROINNE SLÁINTE 2020

Jim Breslin

Ard-Rúnaí

Colm O'Reardon
Leas-Rúnaí
An Rannán Beartais agus Straitéise

Paul Bolger
Stiúrthóir
An Rannán Acmhainní

Teresa Cody (go dtí Meitheamh 2020)
Rúnaí Cúnta
An Rannán Corparáideach

Tracey Conroy
Rúnaí Cúnta
Rannán an Bheartais um Ospidéal Ghéarmhíochaine

Greg Dempsey
Leas-Rúnaí
An Rannán Rialaithe agus Feidhmiúcháin

Colm Desmond
Rúnaí Cúnta
An Rannán Reachtaíochta Corparáidí, Meabhairshláinte, Beartais Drugaí agus Sábháilteachta Bia

Dr Tony Holohan
Príomhoifigeach Leighis
Oifig an Phríomhoifigigh Leighis

Fergal Goodman
Rúnaí Cúnta
Rannán an Chúraim Phríomhúil

Rachel Kenna
Príomhoifigeach Altranais
Altranais/Cnáimhseachas, an Rialáil Ghairmiúil, an Phleanáil don Fhórsa Saothair, Gairmithe Sláinte Gaolmhara

Kathleen MacLellan
Rúnaí Cúnta
Rannán an Chúraim Shóisialaigh

Laura Magahy
Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Oifig Chlár Forfeidhmíthe Sláintecare

Siobhan O'Halloran (go dtí Márta 2020)
Príomhoifigeach Altranais
Altranais/Cnáimhseachas, an Rialáil Ghairmiúil, an Phleanáil don Fhórsa Saothair, Gairmithe Sláinte Gaolmhara


PRÓIFÍL CHORPARÁIDEACH

Ag deireadh mhí na Nollag 2020, bhí 595 ball foirne coibhéise lánaimseartha (WTE) sa Roinn Sláinte. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don Aire Sláinte, thug foireann na Roinne tacaíocht freisin do na trí Aire Stáit.

Rinne an Roinn bainistíocht ar ollbhuiséad ar bhreis is €20.90bn in 2020, agus soláthraíodh €547.5m de mar mheastachán forlíontach. B'ionann na leithreasáí i gcabhair buiséadaithe don bhliain agus €0.46bn, rud a d'fhág glanbhuiséad €20.44bn.

Ba é an caiteachas comhlan don bhliain ná €20.810bn agus b'ionann leithreasáí i gcabhair agus €0.488bn. Bhí glanchaiteachas €20.322m ann mar thoradh air seo

B'ionann an t-ollchaiteachas a thabhaigh an Roinn Sláinte sa bhliain agus 29.7% de chaiteachas iomlán an rialtais ghinearálta sa bhliain. B'ionann an glanchaiteachas agus 30.2% de shaincheisteanna státchiste an rialtais láir sa bhliain. Bhí €20.475bn d'ollchaiteachas na bliana comhdhéanta d'eisíocaíochtaí chuig FSS, €230m chuig gníomhaireachtaí eile agus bhí €105m tabhaithe ag an Roinn.



Neamhphá	Pá	Pinsean	Caipiteal
€9,817,074	€8,950,444	€518,917	1,035,831

D'fhreagair an Roinn Sláinte beagnach an ceathrú de na Ceisteanna Parlaiminteacha go léir a cuireadh in 2020.

SRACFHÉACHAINT AR FHREAGRAÍ PARLAIMINTE 2020

Ceisteanna Parlaiminte (nár aistarraingeadh / dícheadadh iad)	9,261
Ar tharcuireadh don FSS iad le haghaidh Freagra Díreach	5,025
Aighneachtaí a Fuarthas	12,342
Ceisteanna Tráthúla Ullmhaithe	129
Ceisteanna Tráthúla Roghnaithe	44
Tosach an tSeanaid Ullmhaithe	69
Tosach an tSeanaid Roghnaithe	26

SAORÁIL FAISNÉISE

Rinne an Roinn 480 iarratas um Shaoráil Faisnéise a phríoiseáil in 2029, agus 299 ceann acu a tháinig ó na meáin.

ÍOCAÍOCHT PHRAS

Seo a leanas anailís ar oibleagáidí Íocaíochtaí Pras na Roinne le linn 2020:

Mionsonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí arna n-íoc
Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá	2,689	12,370,707.72	90.72%
Líon na n-íocaíochtaí déanta idir 16 lá agus 30 lá	186	1,014,138.17	6.27%
Líon na n-íocaíochtaí déanta tar éis 30 lá	89	174,061.68	3.01%
Iomlán na n-íocaíochtaí déanta in 2020	2,964	13,558,907.57	

Is ionann an méid cúitimh agus úis íocaíochta pras iomlán a d'íoc an Roinn in 2020 agus €5,788.89, méid a chuimsigh €1,448.89 in íocaíochtaí úis agus €4,340.00 in íocaíochtaí cúitimh.

AN tÍDIÚ FUINNIMH I RITH 2020

Lean an Roinn ag obair go dlúth le hÚdarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) chun spriocanna a bhaint amach i ndáil le laghdú san ídiú fuinnimh ina Ceannteathrú ag Miesian Plaza. Tá an foirgneamh ar cheann de líon beag foirgneamh creidiúnaithe Platanam LEED ar domhan. Is timpeallacht thar a bheith casta é a chuimsíonn raon leathan de theicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh agus bearta chun lorg fuinnimh an áitribh a íoslaghdú, ta an foirgneamh mar chuid de ollchampas ina bhfuil trí fhoirgneamh, ceithre roinn rialtais agus dhá chuideachta ón earnáil phríobháideach lonnaithe.

Ligeann na teicneolaíochtaí a úsáidtear ar fud an fhoirgnimh don Roinn níos mó éifeachtúlachta a bhaint amach maidir lenár n-ídiú fuinnimh, agus muidne ag obair i dtreo ár spriocanna inbhuanaitheachta. Ina measc seo tá aonaid gaothráin agus corna ísealfhuinnimh, córais fuaraithe aerchóirithe ardéifeachtúlachta lena n-áirítear teirmeastóráil agus córais aerála ísealfhuinnimh.

Bhunaigh an Roinn “Foireann Ghlas” dá Ceannteathrú agus leanann sí ag cur feasacht comhshaoil chun cinn agus ag cur tionscnaimh straitéise glasa i bhfeidhm ar fud an fhoirgnimh mar phríomhthionónta.

Dóibh siúd atá ag plé cheannach ar son agus thar ceann na Roinne, tá treoirlínte um Sholáthar Glas leagtha síos againn agus tuairiscítear orthu go lárnach. Tá tuairisceán um sholáthar poiblí glasa na Roinne chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain 2020 leagtha amach thíos.

Tuairisceán Glas Bliantúil um Sholáthar Poiblí 2020

<i>Bliain tagartha 2020</i>	<i>A. Líon iomlán na gconarthaí os cionn €25,000 a eisíodh de réir earnáil tosaíochta</i>	<i>B. Luach iomlán na os cionn €25,000 a eisíodh de réir earnáil tosaíochta</i>	<i>C. Líon iomlán na gconarthaí os cionn €25,000 a eisíodh de réir earnáil tosaíochta inár ionchorpraíodh SPG</i>	<i>D. Luach iomlán na gconarthaí os cionn €25,000 a eisíodh de réir earnáil tosaíochta inár ionchorpraíodh SPG</i>
<i>Earnáil Tosaíochta</i>				
Iompar				
Tógáil				
Fuinneamh	1	€81,000		
Seirbhísí Bia & Lónadóireachta	2	€611,531	2	€611,531

Earraí agus Seirbhísí Glantacháin	2	€3,536,084	2	€3,536,084
Teicstílí				
Trealamh TF	4	€178,900	1	€85,000
Páipéar				
Eile: Comhairliúchán	9	€1,046,819		
Trealamh	2	€251,712.00		
Troscán	1	€90,805		
Fóin Phóca	2	€238,694	1	€150,000
Clódóireacht/ Dearadh	5	€755,384		
Taighde	6	€1,064,797	1	€40,000
Seirbhísí	15	€3,089,059		
bogearraí TF	3	€211,760		
Ighnéitheach	1	€313,611		
Stáiseanóireacht	1	€50,000		
Iomlán	54	€11,520,156	7	€4,422,615

Aguisín 2 Gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Comhlachtaí Stáit Neamhthráchtála

An Chomhairle Fiaclóireachta

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia - Bia Sábháilte

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

An tÚdarás Árachas Sláinte

An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte

An Bord Taighde Sláinte

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Seirbhís Fuiláistriúcháin na hÉireann

Comhairle na nDochtúirí Leighis
An Coimisiún Meabhair-Shláinte
Bord na Clárlainne Náisiúnta Ailse
Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraicigh
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóir Leighis
Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal

Comhlachtaí Stáit Tráchtála

Árachas Sláinte Saorálach (VHI)

Aguisín 3: Foilseacháin na Roinne Sláinte

In 2020 chuir an Roinn 104 le chéile agus tá gach aon cheann díobh ar fáil le híoslódáil ar ár suíomh gréasáin ag <https://health.gov.ie/publications-research/publications/>.